

€1.65 (£1.50)
Uimh. 1



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

www.gaelsceal.ie 02.01.2013

Léiríonn Fógra Raidió cé chomh 'Amaitéarach' is atá Foras na Gaeilge

Sláinte mhaith agus saol sona ar fáil sa bhliain úr



Tábhairní á dTréigean

- Laghdú 34% ar ghnó na dtábhairní le 5 bliana anuas
- "54,000 Post i mbaol"

Anton Mac Cába

Tá laghdú 34% ar dhíolaíocht i dtábhairní le cúig bliana anuas, dar leis an *Vintners' Federation of Ireland* go bhfuil suas le 54,000 post i mbaol.

Tá thart ar 20% dá gcomhaltaí i mbaol, nó 800 tábhairne dar leo.

Is cinnte go bhfuil fadhbanna san earnáil. Mar shampla, tá 25 tábhairne ar an mhargadh i gCo Dhún na nGall, agus naonúr i gCo Liatroma.

De réir na bhfigiúirí is déanaí ó na

Coimisinéirí Ioncaim, bhí 10,290 ceadúnas ann ag tús na míosa seo caite, idir tábhairní agus eisceadúnaís.

Tá an *Vintners' Federation* ag éileamh go mbeadh 'cáin chlúdaigh' ar dheochanna meisciúla a dhíoltar ó eisceadúnaís.

Chuir an Teachta Denis Naughten ceist ar an Aire Airgeadais, Michael Noonan, sa Dáil faoin cháin.

Dúirt an tAire, Michael Noonan, go bhfuair sé comhairle gurbh fhéidir

nach luífeadh an moladh "le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir leis na socruithe coitianta ar dhleacht mál ar tháirgí a bhaineann le deochanna meisciúla."

Tá an meathlú agus athruithe sóisialta beirt ag cothú fadhbanna. Dar le baincérí sinsearach, níl sé chomh simplí.

"Cheannaigh go leor tábhairní ar praghsanna ró-ard le linn an Tiogair Cheiltigh," ar seisean.

"Chaith siad cuid mhór airgid

ansin, go ndearna an-deisiú. Ansin, d'fhás siad rómhór."

Ina tháithí féin, rinne tábhairneoirí méadú ar thábhairní s'acu: minic chomh maith, trí fhoirgnimh eile a cheannach ar phraghas ard, ansin trí iad a leagan.

"Ní raibh siad ag súil go mbeadh a leithéid agus meathlú ann," arsa an baincérí. Mar sin, tá an iomarca fiacha orthu leis na bancanna, ainneoin gurbh fhéidir go bhfuil an gnó féin folláin.

Gaillimh

Comhairle Contae i mbaol a dhul le fána aille airgeadais

Máirtín Ó Catháin

Bhí cosúlachtaí ann teacht na hathbhliana go mbeadh Meiriceá in ann stopadh ó dhul le fána aille airgeadais ach tá Comhairle Contae na Gaillimhe ag teannadh le fána atá chomh contúirteach céanna sa bhuiséad sin acu féin; caiteachas ar chalafoirt agus ar chéibheanna in Árainn atá ina n-ábhar scéine i nGaillimh.

Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag iarraidh ar Chomhairle Contae na Gaillimhe os cionn €4m a íoc leo féin (leis an Roinn) de bharr an chostais a bhain leis an obair fhorbartha ar an gCaladh Mór in Inis Meáin.

Ar lean ar leathanach 2

986 á dtógáil le Gaeilge sa Tuaisceart

Anton Mac Cába

IS í an Ghaeilge teanga an tí ag 986 dalta i scoileanna an tuaiscirt. Is beagnach a dhá oiread atá i gceist sna meánscoileanna - 634 - ná sna bunscoileanna - 352. Is ionann a líon agus 0.3% d'iomlán daltaí.

Fágann sin an Ghaeilge ar an cheathrú teanga is mó a labhraíonn teaghlaigh daltaí. Is í an Béarla - ar ndóigh - an teanga is mó a labhraítear. Tá níos mó Polainniseoirí - 3,487 - agus Liotuáiniseoirí - 1,564, ann ná mar atá de Ghaeilgeoirí.

Tá 51 teanga san iomlán - seachas Béarla - mar theangacha teaghlaigh ag daltaí. Níl fás simplí ar an éagsúlacht. Tá Giúdais, a bhí dá labhairt in am amháin, sciobtha chun siúil. Níl sé mar theanga ag teaghlach oiread agus páiste amháin.

Ar lean ar leathanach 2



Ruby Nealon, cailín óg a fhreastlaíonn ar Ghaelscoil Bharra, Baile Átha Cliath, a bhí i láthair ag ócáid a rinne ceiliúradh ar thréimhse uachtaránacht na tíre seo ar an Aontas Eorpach agus comóradh dhá scór bliain de bhallraíocht Éireann san Aontas Eorpach. GRIANGHRAF: PHOTOCALL/LAURA HUTTON

Tús le Bliain na Gaeilge 2013 i nGaeltacht Chiarraí

Méabh Ní Thuathaláin

RINNE Mícheál Ó Muircheartaigh, laoch spóirt áitiúil, agus Pádraig Ó Sé, ceoltóir clúiteach ó Chiarraí, Bliain na Gaeilge 2013 a sheoladh go hoifigiúil sa Daingean, Co Chiarraí, Oíche Chinn Bhliana.

Bhailigh na mílte daoine ag Ceann an Ché, áit ar chuala siad teachtaireacht spreagúil an Uachtaráin a bhí dírithe ar lucht labhartha na Gaeilge ar fud na cruinne.

Ar lean ar leathanach 2

NUACHT NÁISIÚNTA

Comhairle Contae i mbaol a dhul le fána aille airgeadais

Ar lean ó leathanach a haon

Sa mhullach air sin tá chuile chosúlacht ann go mbeidh an oiread eile de bhille sa mhullach ar an gComhairle Contae de bharr na hoibre a rinneadh ar Chéibh Chill Rónáin in Inis Mór.

Tá bainisteoir Chomhairle Contae na Gaillimhe Martine Moloney chomh corraithe sin faoin éileamh seo agus go bhfuil sí sásta a dhul i muinín an dlí.

Dúirt sí é seo ag cruinniú Chomhairle Contae roimh an Nollaig. Dúirt sí freisin nach bhfaca sí a leithéid d'éilimh le linn di a bheith ag obair sa chóras rialtais áitiúil roimhe seo.

Chosain an obair ar an gCaladh Mór in Inis Meáin os cionn €18m. Ba é an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacha a bhí ag íoc as an obair agus Comhairle Contae na Gaillimhe i mbun riaracháin, agus fostú conraitheoirí.

Is cosúil anois go bhfuil an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag rá gur caitheadh níos mó ná a bhí ceaptha ar an obair i dtosach.

Tuigtear go bhfuil an rud céanna amhlaidh i gcás Chill Rónáin, áit ar caitheadh €48m. Ach ní rud neamhghnách é seo mar go mbíonn eireaball ar an obair scaití - sin nó go mbíonn cúrsaí farraige agus taoillí i gceist, a deir bainisteoir na Comhairle.

Bhainfeadh íocaíochtaí mar atá luaite sclamh mhór as airgead na Comhairle Contae agus iadsan faoi bhrú mór ina gcuid cistí faoi láthair. Mar shampla dó sin, nílleadar in ann tithe ar bith a thógáil i mbliana fiú agus go bhfuil an líon daoine atá ag fanacht ar thithe méadaithe as cuimse.

Chuir muid roinnt ceisteanna faoin ábhar chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ach ní raibh freagraí ar fáil agus muid ag scríobh.

Tús le Bliain na Gaeilge 2013 i nGaeltacht Chiarraí

Ar lean ó leathanach a haon

“Tá ról na Gaeilge sa lá atá inniu níos tábhachtaí ná riamh agus brú ag teacht ar mhionteangacha ar fud an domhain mhóir. Is dlúthchuid dár gcultúr agus dár bhféiniúlacht í an Ghaeilge. Mar Uachtarán na hÉireann, tá mé an-sásta tacú go láidir le Bliain na Gaeilge - is linne an teanga agus

braitheann a todhchaí orainn, ” a dúirt sé... Mhol an tUachtarán do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid le comhghleacaithe oibre, le cairde, le gaolta agus le duine ar bith eile gur féidir le linn 2013, mar aon le hamharc ar na himeachtaí atá luaite ar www.gaeilge2013.ie chun páirt a ghlacadh i gcuid acu. Dúirt sé go raibh deis

iontach sa bhliain amach romhainn páirt a ghlacadh i gcomórtais éagsúla Bhliain na Gaeilge freisin, saoire a ghlacadh sa Ghaeltacht, agus cairde thar lear a mhealladh go hÉirinn i 2013 le freastal ar imeachtaí Bhliain na Gaeilge agus Thóstáil Éireann 2013.

Cuireadh tús le hathbheochan na Gaeilge le bunú Chonradh na Gaeilge

120 bliain ó shin, agus maíonn beagnach 2 mhilliún duine ar oileán na hÉireann go bhfuil Gaeilge acu sa lá atá inniu ann. Dúirt Julianne de Spáinn, as Chonradh na Gaeilge go raibh sé mar aidhm ag ceiliúradh Bhliain na Gaeilge na mílte deis úsáide Gaeilge a chur ar fáil don dream seo le linn 2013.

Craobhchomórtas Chaitheamh na gCrann Nollag

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ na hullmhucháin faoi lánseol i mBaile na hInse, Co an Chláir, don dara Craobhchomórtas Chaitheamh Chrann Nollag na hÉireann a bheas ar siúl ar an Satharn seo chugainn, an 5 Eanáir.

Titfidh an Craobhchomórtas i mbliana amach ar Pháirc Imeartha ‘Lees Road Sports’ in Inis, idir 10m-4in ar an Satharn beag seo. Bunaíodh an craobhchomórtas ar thraidisiún a bhaineann le haimsir Nollag sa Ghearmáin agus san Ostair agus atá coitianta i measc na lománaithe, dream a leagan crainn. Tá ar dhaoine crann 1.5 méadar a chaitheamh chomh fada is gur féidir leo agus tugtar trí hiarracht dóibh an fad is faide a bhaint amach. Anuraidh ghlac os cionn 150 páirt sa chomórtas agus bhí an bua ag fear de bhunadh an Chláir, Paul Dignam, ar éirigh leis crann a chaitheamh seacht méadar ar fad. Tá an churiarracht dhomhanda faoi láthair ag Klaus Pubnaz a chaith crann 12 méadar le linn comórtais sa Ghearmáin i 2010.

Dúirt Gerry Murphy, oifigeach feasaichta Comhshaoil le Comhairle Baile na hInse gur slí shamhlaíoch a bhí ann le leas a bhaint athchúrsáil a dhéanamh ar chrainn Nollag ar mhaithe le cúrsaí spóirt agus ar son airgead a bhailiú do Chumann Fiobrós na hÉireann sa Chlár.

“Cuireann muid fáilte roimh iomaitheoirí, idir óg agus aosta, as gach cearn den tír páirt a ghlacadh sa chomórtas.



Beidh an dara Craobhchomórtas Caitheamh Crann Nollag na hÉireann ar siúl i mBaile na hInse ar an Satharn beag seo.

Is féidir le daoine fáil réitithe leis na crainn Nollag agus iad a fhágáil linne maidin Shathairn agus tabhartais a thabhairt ar son na carthanachta más mian leo,” arsa Murphy.

Beidh athchúrsáil déanta ar na crainn ina dhiaidh sin agus beidh an t-ábhar in úsáid ag rannóg garraíodóireachta an Chomhairle amach anseo.

986 á dtógáil le Gaeilge sa Tuaisceart

Ar lean ó leathanach a haon

Ta roinnt teangacha suntasacha nach mbeifeá ag súil leo. Tá 650 dalta gurb i Tagalog, teanga na bhFilipíneacha, teanga an tí acu. Tá 518 dalta gur Malayalam a labhraítear sa teach acu: is í sin an phríomhteanga i stát Kerala na hIndia. Sin beagnach a dhá oiread teaghlach agus a

labhraíonn idir Hindi agus Urdu, an dá phríomhteanga foilríche na hIndia.

Malairt bharúil atá coitianta, labhraíonn níos mó daoine Gaeilge ná ceachtar den dá theanga mhór Shíneacha, Cantainis nó Mandairínis.

Thug an tAire Oideachais, John O’Dowd, an t-eolas i bhfreagra scríofa sa Tionól.

Cumann na gCapaillíní saite i gceithre chás dlí

Máirtín Ó Catháin

TÁ Cumann Lucht Chapailíní Chonamara saite i gceithre chás dlí faoi láthair de réir an eolais atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil stiúrthóirí an chumainn sin. Is é Cumann Lucht Chapailíní Chonamara an cosantóir i chuile cheann de na cásanna seo. Dúradh sa tuarascáil bhliantúil go ndéanfaidh an Cumann cosaint láidir air féin sna cásanna seo. Níl aon eolas eile curtha ar fáil i dtaobh na gcásanna dlí seo i dtuarascáil na stiúrthóirí atá curtha amach anois chuig baill an Chumainn.

Tá tréimhse chorrach go maith curtha de ag Cumann Lucht Chapailíní Chonamara

le bliain anuas agus cuireadh glaoch ar na Gardaí chuig cruinniú amháin de chuid na Comhairle. Beidh a chruinniú cinn bhliana ag an gCumann ar an 13ú Eanáir 2013 in Óstán an Westwood i nGaillimh.

In aguisín leis na cuntais bhliantúla tá sé ráite go bhfuil comhairle dlí curtha ar chomhlacht Chumann Lucht Chapailíní Chonamara go mbeidh dliteanas de €30,000 orthu a bhaineann le heachtra a tharla san aimsir a caitheadh. Dúradh go bhfuil an tsuim airgid sin curtha sa chomhaireamh i gcuid de na cuntais a bhaineann le creidiúnaithe.

Is féidir an chuid eile den scéal seo a léamh ar www.gaelisceal.ie



Gaelscéal

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelisceal.ie

Méabh Ní Thuathaláin
Iriseoir
meabh.nithuathalain@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Le Eoin Ó Murchú



An dtarraingeóidh cás McEntee aird ón gCáinfhaisnéis?

Níl an oiread sin daoine timpeall Thigh Laighean an tráth seo bliana ar ndóigh, ach mar sin féin tagann corrdhuine is corrdhuine eile isteach ó am go chéile - ag lorg faoisimh óna vótóirí sa mbaile, agus faoiseamh, is dócha, óna gearáin láidre atá dhá ndéanamh faoin gcáinfhaisnéis. Ní nach ionadh mar sin gurb é cás truamhéalach Shane McEntee an t-ábhar cainte is coitianta ina measc siúd a bhí sa Teach le seachtain anuas. Níl a fhios ag éinne céard a spreag an tragóid seo, ach tá lucht an rialtais ag iarraidh an milleán a chur orthu siúd atá ag cur brú ar pholaiteoirí mar gheall ar an gcáinfhaisnéis, mar a dhein deartháir an Teachta leis. Tá plean ann anois le hiarracht a dhéanamh chun aird ar fad a bhaint ón gcáinfhaisnéis is í a dhíriú ar na meáin shóisialta, is tá coiste an Oireachtais le fiosrú a dhéanamh faoi 'bhulaíocht' is faoi bhrú maslach.

Chun na fírinne a rá ámh, is beag gur féidir leis na polaiteoirí a dhéanamh le daoine a stop ó cáineadh a dhéanamh orthu. Ní cheaptar go rachaidh an fiosrú aon áit, mar ag deireadh thiar is cuid den daonlathas é go mbíonn díospóireacht faoi chinntí polaitiúla, agus géardhíospóireacht nuair is géarchinntí atá i gceist. Ach caithfear am ag caint faoi chinsireacht agus fhreagracht, agus b'fhéidir nach mbeidh an oiread sin ama fágtha le tuilleadh gearáin faoin gcáinfhaisnéis a phlé. Bhuel, sin é dóchas lucht an rialtais ar aon chuma!



Shane McEntee TD, a fuair bás go tragóideach roimh an Nollaig. [PIC: PHOTOCALL IRELAND]

Gilmore chun iarracht a dhéanamh Keaveney a dhíbirt as an bpáirtí!

Iarracht eile le haird a bhaint ón gcáinfhaisnéis, nó le stop a chur le lagú an rialtais, is ea cás Cholm Keaveney. Vótáil an teachta as Gaillimh Thoir in aghaidh an rialtais i dtaobh na cáinfhaisnéise ce go raibh sé, is go bhfuil sé i gcónaí, ina chathaoirleach ar Pháirtí an Lucht Oibre.

Cuireadh amach as an bpáirtí parlaiminteach é mar gheall air sin, ach mar chathaoirleach a toghadh ag comhdháil an pháirtí is atá freagrach do bhaill an pháirtí, tá Keaveney fós i gceannas ar chruinnithe an pháirtí, fiú agus iad ag plé sócrúithe rialtais, straitéis pholaitiúil is eile.

Tá cuid mhaith cómhbhá ann, feictear dom, do Keaveney i measc a chómhghleacaithe Dála, ach tá fearg mhór ar cheannaireacht an pháirtí agus tá siad ag iarraidh é a bhriseadh as a phost.

Ach ní hé an cheannaireacht a cheap é ach baill an pháirtí ag an gcómhdháil. Agus tá tuairim láidir ann anois go fírinneach go ndéanfaidh Éamon Gilmore is na hairí eile iarracht Keaveney a dhíbirt amach as an bpáirtí ar fad mar uirlis chun é a dhíbirt as a phost mar chathaoirleach.

Is é an toradh is fearr ar ndóigh ná go ngéillfeadh sé don bhagairt is go n-éireoidh sé as an gcathaoirleacht as a stuaim féin; ach níl aon chosúlacht go ndéanfaidh sé sin.

Creideann cuid mhaith sa bpáirtí go mbeadh sé níos ciallmhaire é a fhágáil, ach níl Gilmore

agus an dream taobh leis sásta ligean dó sin, is tá plean ann anois Keaveney a chúisiú as droch-aird a tharraingt ar an bpáirtí trí vótáil in aghaidh an rialtais is é a dhíbirt amach ar an mbonn sin.

Ach tá baol mór ann go dtabharfadh Keaveney dúshlán cúirte roimh a leithéid, agus baol níos mó go mbeadh scoilt sa bpáirtí faoin scéal nuair a thionólfar comhdháil ag deireadh na bliana.

Go fírinneach tá todhchaí an rialtais ag brath cuid mhór ar an scéal seo anois.



Reibiliúnach : Colm Keaveney TD, Cathaoirleach Pháirtí an Lucht Oibre - go fóill [PIC: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]

Beag dóchas as spleodar na hEorpa

Tá na polaiteoirí amhrasach go maith faoina bhfuil in ann dóibh - agus dúinne - san athbhliain seo, ach tá súil arís ag lucht an rialtais go dtabharfaidh Uachtaránacht na tíre seo ar an Aontas Eorpach seans dúinn aird a bhaint ó dheacrachtaí na heacnamaíochta agus b'fhéidir polasaithe an Aontais a stiúradh sa gcaoi go gcabhrófaí le muid a tharraingt as an ngéarchéim.

Labhair an Taoiseach Enda Kenny go breá fórsúil faoi seo agus bratach na hEorpa ag dul in airde ar chaisleán Bhaile Átha Cliath, ach rud amháin is ea é labhairt faoi pholasaí a dhíriú ar fhás agus ar jabannaí, agus rud eile é na jabannaí a chruthú agus fás a dhéanamh.

Go deimhin chuaigh an Taoiseach beagáinín thar fóir, agus é ag rá go bhfuil muid ar bhóthar an bhisigh cheana féin, agus tá roinnt polaiteoirí sách pisreogach faoi seo agus imní orthu nach mbeidh mórán feabhais i ndán dúinn san aithbhliain seo.

Ach mar a déarfadh Pat Rabbitte le hÉamon Gilmore, nach é sin an saghas ruda a déarfá le míshuaimhneas an phobail a chiúnú?

Anois más féidir linn fírinne a dhéanamh den aisling, b'fhéidir go ndéanfaidh daoine dearmad ar an gcáinfhaisnéis agus ar Cholm Keaveney greannaitheach!



Lá na Seanbhliana. Bratach na hEorpa á ardú ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ag comóradh 40 bliana de bhallraíocht Éireann san AE / CCE agus tús le huachtaránacht Éireann ar Chomhairle an AE, a mhairfeas 6 mhí [PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

ROS na RÚN

BUNCHÚRSA SCRÍBHNEOIREACHTA ROS NA RÚN

An bhfuil suim agat a bheith ag scríobh do Ros na Rún?

An bhfuil Gaeilge líofa agat?

An bhfuil suim agat freastal ar Cheardlann
Scríbhneoireachta i mí Eanáir?

Má tá, seol do CV agus píosa scríbhneoireacht atá déanta agat chuig sonia@rosnarun.com

Déanfar gearrliosta as na hiarratais ar fad agus beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí rathúla ar fáil **19/20 Eanáir** agus arís **9/10 Feabhra**.

Is é spriocdháta na n-iarratais ná Dé Luain, 7 Eanáir.

Ros na Rún gach Máirt & Déardaoin ag 8.30 ar TG4

Le gairid foilsíodh torthaí ón Daonáireamh a tógadh deireadh mhí na Márta 2011 i dTuaisceart Éireann. San alt seo breathnaíonn **Donncha Ó hÉallaithe** ar na torthaí maidir leis an nGaeilge.

Foinse: Tá an tábla seo curtha le chéile ag Donncha Ó hEallaithe ag úsáid figiúirí atá foilsithe ag an Northern Ireland Statistics and Research Agency ón Daonáireamh a tógadh sa bhliain 2011 atá le fáil ón suíomh idirlín <http://www.ninis2.nisra.gov.uk/public/Home.aspx>.



Lucht na Gaeilge bailithe taobh amuigh den Chultúrlann ar Bhóthar na bhFál, Béal Feirste.

ach gan in ann í a léamh ná a scríobh; (iii) labhairt agus léamh na teanga acu ach gan in ann í a scríobh agus (iv) in ann í a thuiscint, í a labhairt, í a scríobh agus í a léamh. Tugadh catagóir eile de dhaoine a raibh cumas áirithe sa Ghaeilge acu ach nár tháinig faoi aon cheann de na ceanteidil thuas, mar shampla daoine a bheadh in ann í a léamh ach nach mbeadh in ann í a labhairt.

Don anailís seo chuireas le chéile na figiúirí do na daoine a dúirt go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, bíodh siad in ann í a scríobh/léamh nó ná bíodh agus tugtar na figiúirí i gcolún 3, Tábla 3. I gcolún 4 den tábla céanna tá líon na ndaoine atá in ann Gaeilge a labhairt, a léamh agus a scríobh. I gcolún 5 tugtar an céatadán den daonra (3 bl.+) a dúirt go bhfuil labhairt na Gaeilge acu, na ‘Gaeilgeoirí’ mar a thugaim orthu san anailís seo.

Go bunúsach bhí 95,938 duine i dTuaisceart Éireann a thug le fios i 2011 labhairt na Gaeilge a bheith acu. Is laghdú suntasach é seo ón 106,844 a dúirt sa Daonáireamh i 2001 go raibh labhairt na Gaeilge acu. Tá an céatadán le labhairt na Gaeilge laghdaithe ó 6.6% den daonra i 2001 go 5.5% i 2011.

Éireannachas, Cúlra Caitliceach agus an Ghaeilge

I dTábla 4 thíos tá trí cholún speisiúla. I gcolún 3 sa tábla tugtar líon na ndaoine a dúirt go raibh Gaeilge labhartha acu sna ceantair éagsúla mar chéatadán de na daoine le cúlra Caitliceach sna ceantair sin. Béal Feirste atá ar bharr an liosta (15.2%) le ceantar Dhún Geanainn (14.8%) sa dara háit agus ceantar Mhachaire Fíolta (14.0%) sa tríú háit. Speisiúil go leor, cé gurb é an tIúr agus Múrna an ceantar leis an gcéatadán is

mó ‘Gaeilgeoirí’ sa daonra ina iomlán (féach Tábla 3), is é Béal Feirste an ceantar is láidre má bhreathnaítear ar líon na nGaeilgeoirí mar chéatadán de líon na ndaoine le cúlra Caitliceach sa cheantar.

Mar a mbeifeá ag súil leis tá líon na nGaeilgeoirí mar chéatadán de líon na ndaoine le cúlra Caitliceach (11.8%) dhá oiread níos airde ná an céatadán de Ghaeilgeoirí i measc an daonra ina iomlán (5.5%). Tá sé níos airde fós má thógtar líon na nGaeilgeoirí mar chéatadán de na daoine a deir gur Éireannaigh amháin iad (21%). Léiríonn colún 4 i dTábla 4 líon na nGaeilgeoirí mar chéatadán de líon na ndaoine sna ceantair éagsúla a dúirt gurbh Éireannaigh amháin iad.

Mar chéatadán den daonra le cúlra Caitliceach i dTuaisceart Éireann, tá an laghdú suntasach tagtha i líon na n‘Gaeilgeoirí’ ó 14.5% i 2001 go 11.8%, de réir thorthaí an Daonáirimh a tógadh i 2011.

I gcolún 5 tugtar figiúr eile speisiúil: líon na ndaoine a dúirt gurbh Éireannaigh amháin iad mar % de líon na ndaoine le cúlra Caitliceach sna ceantair éagsúla. Tá an figiúr an-ard i nDoire (69.3%), i mBéal Feirste (64%) agus san Iúr agus Múrna (62.7%) ach íseal sna ceantair is láidre Protastúnach ar nós Latharna (30.7%), Carraig Fhearghasa (32.8%), An Dún Thuaidh (38.4%) agus an Baile Meánach (39.1%)

Conclúid

Ceann de na bealaí a úsáidtear lena dhéanamh amach an bhfuil baint ag dhá athróg éagsúla ón daonra céanna le chéile, ná an comhchoibhneas eatarthu a oibriú amach. Bíonn comhchoibhneas iomlán ann nuair a bhíonn an chomhéifeacht chomhghaolaithe (correlation coefficient) cothrom le 1. Deirtear go mbíonn comhchoibhneas láidir ann má bhíonn an chomhéifeacht níos mó ná 0.9 ach má bhíonn an chomhéifeacht faoi 0.6 deirtear go bhfuil an comhchoibhneas lag.

Mar a mbeifeá ag súil leis tá comhchoibhneas láidir ann (0.93) idir céatadán an daonra le Gaeilge labhartha agus céatadán an daonra le cúlra Caitliceach. Ar an gcaoi chéanna tá comhchoibhneas láidir ann (0.93) idir céatadán an daonra le Gaeilge labhartha agus céatadán an daonra a deir

FAINIC: Ar eagla na míthuisceana ní mór fainic thábhachtach a chur ar léitheoirí faoi na figiúirí a thugtar i dTábla 4. Nuair a deirtear i gcolún 3 go raibh líon na nGaeilgeoirí mar chéatadán de líon na ndaoine le cúlra Caitliceach cothrom le 11.8%, ní hionann sin is a rá go bhfuil 11.8% de na Caitlicigh ina nGaeilgeoirí. Bheadh an figiúr níos ísle ná sin. I ngach ceantar bíonn líon beag de na daoine ar Gaeilgeoirí iad ag teacht ó chúlra seachas cúlra Caitliceach. Mar shampla, de réir na bhfigiúirí ón Daonáireamh a tógadh 2001 ba daoine ó chúlra Caitliceach 92% de na daoine a dúirt go raibh cumas de chineál éigin sa Ghaeilge acu. Níl an teolas ar fáil go fóill, ón Daonáireamh a tógadh i 2011, a ligfeadh dúinn a oibriú amach cén céatadán de na daoine le cúlra Caitliceach a bhfuil Gaeilge labhartha acu, dar leo féin. An an gcaoi chéanna nuair a deirtear i gcolún 4, Tábla 4, go raibh líon na nGaeilgeoirí mar chéatadán de líon na ndaoine le féiniúlacht ‘Éireannach amháin’ cothrom le 21.0%, ní hionann sin is a rá go bhfuil 21.0% de na ‘hÉireannaigh amháin’ ina nGaeilgeoirí. Bheadh an figiúr níos ísle ná sin, mar go mbeadh roinnt daoine le féiniúlacht ‘Thuaisceartach amháin’ nó le meascán d’fhéiniúlacht ‘Éireannach agus Thuaisceartach’ i measc líon na nGaeilgeoirí. Mar sin féin, is tomhas é atá úsáideach le comparáid a dhéanamh idir ceantair éagsúla i dtaobh fhéiniúlach láidir Éireannach, nó chúlra Caitliceach agus cumas labhartha na Gaeilge.

Tábla 4: An líon daoine a dúirt gur Gaeilgeoirí iad mar chéatadán (%) den daonra le cúlra Caitliceach i 2011, sna ceantair rialtais áitiúil i dTuaisceart Éireann chomh maith le líon na ndaoine le Gaeilge labhartha mar chéatadán (%) de líon na ndaoine a dúirt gur ‘Éireannaigh amháin’ iad agus an líon daoine a dúirt gur Éireannaigh amháin iad mar chéatadán (%) den daonra le cúlra Caitliceach (3 bl.+) i 2011

	Ceantar Rialtais Áitiúil	Na daoine le Gaeilge labhartha mar % den daonra le cúlra Caitliceach, 2011	Na daoine le Gaeilge labhartha mar % den daonra a dúirt gurbh Éireannaigh amháin iad, 2011	Na daoine a dúirt gurbh Éireannaigh amháin iad mar % den daonra le cúlra Caitliceach, 2011
1	Béal Feirste	15.2	23.7	64.0
2	Dún Geanainn	14.8	26.6	55.7
3	Machaire Fíolta	14.0	23.6	59.6
4	An Mhaoil	13.9	26.8	52.0
5	An tIúr agus Múrna	12.6	20.0	62.7
6	An Chorr Chríochach (Cookstown)	12.0	23.1	52.0
7	Baile na Mainistreach	11.8	25.3	46.8
8	Lios na gCearrbhach	11.6	19.7	58.8
9	Baile Monaidh	11.6	26.0	44.5
10	An Caisleán Riabhach	11.5	23.3	49.4
11	Craigavon	11.3	22.6	50.1
12	Cúl Raithin	11.2	27.3	40.9
13	An Ómaigh	10.8	20.0	53.9
14	Fear Manach	10.5	18.6	56.4
15	Ard Mhacha	10.3	16.7	61.9
16	Droichead na Banna	10.3	23.1	44.7
17	An Baile Meánach	10.2	26.1	39.1
18	An Srath Bán	10.2	18.0	56.7
19	Carraig Fhearghasa	10.1	30.9	32.8
20	An Aird	10.1	26.0	39.0
21	Doire	10.0	14.4	69.3
22	Aontroim	9.9	23.7	41.8
23	An Dún Thuaidh	9.5	24.9	38.4
24	An Dún	8.3	18.3	45.1
25	Léim an Mhadaidh	7.9	16.2	49.1
26	Latharna	7.3	23.8	30.7
	Tuaisceart Éireann	11.8	21.0	56.0

gur ‘Éireannaigh amháin’ iad.

Ach ait go leor níl comhchoibhneas láidir ann (0.51) idir líon an daonra le Gaeilge labhartha mar chéatadán de líon na ndaoine le cúlra Caitliceach agus líon an daonra le Gaeilge labhartha mar chéatadán de líon na ndaoine le féiniúlacht ‘Éireannach amháin’. Is léir go bhfuil fachtóirí eile i gceist: aicme shóisialta mar shampla agus cé chomh gar is atá an ceantar don teorann leis an bPoblacht. Léirítear é seo i gcás Doire, áit a bhfuil líon na n‘Éireannach amháin’ mar chéatadán de líon na ndaoine le cúlra Caitliceach ard (69.3%) ach mar sin féin tá líon na nGaeilgeoirí’ mar chéatadán de líon na ndaoine ar Éireannaigh amháin iad sách íseal (14.4%). Cuir é seo i gcomparáid leis an Dún Thuaidh áit a bhfuil líon na n‘Éireannach amháin’ mar chéatadán de líon na ndaoine le cúlra Caitliceach íseal go maith (38.4%), ach ansin tá líon na n‘Gaeilgeoirí’ mar chéatadán de líon na ndaoine ar Éire-

annaigh amháin i bhfad níos airde ná Doire (24.9%).

I nDoire níl an ceangal céanna idir féiniúlacht ‘Éireannachas amháin’ agus cumas labhartha na Gaeilge, is atá i gceantair Phrotastúnacha cosúil leis an Dún Thuaidh nó Baile na Mainistreach.

Tá mé féin den tuairim, ón anailís atá déanta agam, go bhfuil an chuma ar an scéal gur mó an seans go mbeidh Gaeilge labhartha ag an duine le féiniúlacht láidir Éireannach, má tá cónaí ar an duine sin i gceantar Protastúnach meánaicmeach ná i gceantar láidir náisiúnach ar nós Dhoire, Fhear Manach nó an tSrath Báin. Bheadh impleachtaí aige seo ar féibrí??? stráiteis a cheapfar i dTuaisceart Éireann leis an nGaeilge a chur chun cinn.

Beifear in ann an tuairim sin a thástáil níos fearr nuair a scaoilfear amach briseadh síos níos iomláine faoi chúlra agus fhéiniúlacht na ndaoine a bhfuil Ghaeilge acu.

Ag líonadh suíochán John Kerry - beidh Meiriceá uilig ag faire ar Mhassachusetts

Máirtín Ó Catháin

DÍREOFAR compás polaitíochta Mheiriceá ar Stát Mhassachusetts arís i mbliana; caithfear fothoghchán a tharraingt ansin le ceann de dhá shuíochán Seanaid an Stáit a líonadh i Washington. Is é an t-údar atá leis sin ná go bhfuil an Seanadóir John Kerry roghnaithe ag an Uachtarán Obama le bheith ina Rúnaí Stáit in áit Hillary Clinton atá ag éirí as an bpost.

Ag glacadh leis go dtabharfaidh Títhe na Comhdhála i Washington vóta muiníne do John Kerry le dhul i mbun poist an Rúnaí Stáit caithfear fo-thoghchán a tharraingt i Massachusetts taobh istigh de 160 lá ón dáta a gceapfar Kerry go hoifigiúil sa Rialtas.

Go hiondúil is beag nach bhféadfaí glacadh leis go dtabharfaidh na Daonlathaigh an chraobh leo i dtoghchán Seanaid i Massachusetts ach ní

mar sin atá an iarraidh seo. Tá na Daonlathaigh ag dul anonn agus anall cheana féin ag iarraidh a theacht ar iarrthóir agus gan aon choimhlint a thosú taobh istigh den pháirtí féin a dhéanadh lagachan orthu. Triaileadh mac an tSeanadóir Ted Kennedy - Edward Kennedy Jnr - a chur ar aghaidh mar iarrthóir ach níor ghlac sé leis an gcuireadh. Tá an doras fágtha oscailte fós, is cosúil, do Vicky Kennedy, bean chéile an tSeanadóir Ted Kennedy, ach níl fonn ar bith uirthi siúd lámh a chur sa pholaitíocht.

Is é an t-údar atá leis an imní mhór i measc na nDaonlathach ná go bhfuil Scott Brown ar an tairseach i gcónaí. Is é Scott Brown an Poblachtach a rinne an ghadaíocht mhór pholaitiúil i Massachusetts dhá bhliain díreach go ham seo nuair a sciob sé leis an suíochán a bhíodh ag an Seanadóir Ted Kennedy; bhásigh Kennedy i lár téarma i

2009. Ceapadh gur beag stró a bheadh ar iarrthóir na nDaonlathach Martha Coakley san fhothoghchán a bhí ann ina dhiaidh sin a bhuachan agus bhí sí láidir sna pobalbhreitheanna ar feadh i bhfad.

Mainicín a scrios an múnla

Chuaigh Scott Brown go mór i gcion ar an bpobal. Rinne sé a chuid canbhasála ag tiomáint thart i leoraí beag - 'pick-up truck' mar a thugtar orthu i Meiriceá. Dlíodóir é Brown anois ach tá stair spéisiúil ag baint lena shaol. Thug iris 'Cosmopolitan' an teideal "An fear is téisiúla i Meiriceá" dó i 1982 agus chaith sé scaiteamh ina mhainicín. Chuidigh an t-airgead a shaothraigh sé as sin leis agus é ag íoc a bhealaigh sa choláiste. Ach pé ar bith deacracht atá ag baint le comórtas 'téisiúil' Cosmopolitan a bhuachan ba cosúil go mba dheacra go mór do Phoblachtach suíochán Seanaid a bhuachan i Massachusetts. Ní dhearnadh sin ó aimsir Edmund Brooke i dtoghchán 1972.

Rinne Scott Brown an beart in Eanáir 2010. Drochbhuille a bhí ann don pháirtí Daonlathach i Massachusetts go háirithe agus iad ag cosaint an tsuíocháin a bhí ag Ted Kennedy le beagnach 40 bliain roimhe sin. Buille a bhí ann don Uachtarán Obama freisin agus é ag socrú síos sa Teach Bán.

Dhá bhliain a bhí fanta i dtéarma Ted Kennedy faoin am ar toghadh Scott Brown agus chaithfeadh seisean an suíochán a chosaint arís i 2012. Ní hionadh gur eagraigh an páirtí Daonlathach feachtas chomh tréan agus a d'fhéadfaidís le Brown a chur as a bhróga i Massachusetts. Chuireadar Elizabeth Warren, ollamh as Harvard ar aghaidh mar iarrthóir an geábh seo. Feachtas ollmhór a bhí ann ar chaon taobh agus caitheadh \$68m - b'shin an tsuim ba mhó a caitheadh ar fheachtas i Massachusetts riamh agus an tsuim ba mhó a caitheadh ar thoghchán Seanaid i Meiriceá i Samhain 2012. Cé go raibh na pobalbhreitheanna ag taispeáint ar feadh i bhfad go raibh an toradh idir dhá cheann na meá, d'éirigh le Warren agus bhuaigh na Daonlathaigh an suíochán ar ais. Bhí 52% den vóta ag Warren agus 46% ag Brown. Theastaigh 20% de na vótóirí a bhí cláraithe mar Dhaonlathaigh ó Scott Brown leis an suíochán a choinneáil; b'shin céatadán an-ard a bhí



An Seanadóir John Kerry, Massachusetts, atá roghnaithe ag an Uachtarán Obama le bheith ina Rúnaí Stáit in áit Hillary Clinton atá ag éirí as an bpost.

uaidh agus ba dheacair dó a theacht aniar aduaidh ar na Daonlathaigh arís. Ach ní gá go bhfuil port Scott Brown seinnte i Washington agus sin i an imní mhór atá ar na Daonlathaigh théis an aitheantais atá tugtha ag an Uachtarán Obama do John Kerry.

Taispeánann cupla pobalbhreith atá déanta le gairid gurb é Scott Brown atá chun cinn i mbéal an phobail don suíochán Seanaid a bheas folamh théis do John Kerry a dhul i mbun post Rialtais i Washington - tá sé chomh hard le 58% i gceann acu. Bheadh an buntáiste ag Brown nach bhfuil sé mórán achair ó bhí sé i measc an phobail ag canbhasáil agus go bhfuil eolas air go foirleathan. Bheadh a lucht tacaíochta ag súil freisin go mbeadh roinnt daoine nár thacaigh leis cheana sásta vótáil dhó an iarraidh seo. Ar an taobh eile den scéal tá an lucht tacaíochta atá ag Scott Brown tuirseach théis an fheachtais fhada anuraidh agus tá ceist an airgid ann arís. Ach is dóigh go mbeadh an páirtí Poblachtach go náisiúnta sásta tacú go láidir leis an

gciste agus beidh an páirtí náisiúnta Daonlathach sásta an rud céanna a dhéanamh ar an taobh sin acusan.

Ábhair náisiúnta le theacht chun cinn

Ó tharla na Cinnéidigh a bheith ag fanacht as tá roinnt deacrachtaí ag na Daonlathaigh ó thaobh iarrthóra ach is cosúil go bhfuiltear ag cur an Fheisire Comhdhála Edward Markey chun cinn. Tá Markey, atá anois 66, ina Fheisire Comhdhála i Stát Mhassachusetts i Washington ó 1976. Tá labhartha i bhfabhar Markey cheana féin ag an Seanadóir John Kerry agus ag Vicky Kennedy, bean chéile Ted Kennedy. Ach má thagann iarrthóirí eile isteach tarraingeoidh sé coimhlint i measc na nDaonlathach sula dtabharfaid siad aghaidh ar Brown - rud atá ceanncheathrú an pháirtí i Washington ag iarraidh a sheachaint.

Beidh aird ar leith ar an toghchán ó thaobh an pholasaí a chuirfidh Scott Brown chun cinn ar roinnt ábhar - ceist na ngunnaí ina measc. Tá sé ráite aigesan le rí-ghairid (tá Brown

sa Seanad go dtí deireadh na míosa seo) go bhfuil a intinn athraithe aige ar an gceist seo théis an uafáis a tharla i Newton i gConnecticut agus go bhfuil sé i bhfabhar srianta ar ghunnaí anois. Tá Brown ag moladh freisin gur cheart do na Poblachtaigh athbhreithniú a dhéanamh ar chuid dá bpolasaí i bhfianaise na nathruithe atá ag teacht ar dhaoir na Stát. Is gearr, mar shampla, go mbeidh níos mó mionlach i mBostún - príomhchathair Mhassachusetts féin - ná a bheidh ann den chine bán traidisiúnta de mhianach na hEorpa. Beifear ag coinneáil súil ar an tacaíocht a bheadh daoine sinsearach sa pháirtí Poblachtach sásta a thabhairt do dhearcadh Scott Brown ar cheisteanna tromchúiseacha náisiúnta.

Ar an taobh eile den scéal caithfidh na Daonlathaigh a bheith ar na maidí go láidir arís ar fhaitíos go gcaillfidís suíochán Seanaid i Massachusetts san fhothoghchán seo. Coinneofar súil ar an gcath polaitiúil seo ar fud Mheiriceá agus níos faide ó bhaile.

Comórtas

Ros na Rún

Cuir suas leis nó buail an bóthar!



www.rosnarun.com

Tá geansaithe Ros na Rún le buachan

Níl le déanamh ach an cheist seo a leanas a fhreagairt: **Cé na hoicheanta den tseachtain a mbíonn Ros na Rún á chraoladh?**

Freagra :

Ainm :

Seoladh :

Uimhir gutháin :

Seol d'iontráil isteach chuig :
Comórtas, Gaelscéal, An Chuasnóg, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.
roimh 6 Eanáir 2013



Maith Dúinn Ár nDrugaí

Conall Ó Móráin ar
an chogadh ar dhrugaí



TÁ seanaithne agam ar fhear atá anois i lár a chuid caogaidí in aois. D'fhreastail sé ar an ollscoil, bhain sé céim amach sa Bhéarla, d'imigh sé ar aghaidh agus bhain sé amach Ard-Dioplóma san Oideachas agus d'imigh sé ag múinteoireacht.

Bhog sé go Meiriceá agus phós sé bean Ghael-Mheiriceánach a bhí tar éis céim san eolaíocht a bhaint amach anseo - lánúin mheánaimeach le saol fada rompu cheapfa.

Ach ní mar sin atá. Bhí deacracht amháin ag an múinteoir seo - fear an-éirimiúil gurbh fhéidir gur mhúin sé do chuid páistí fiú, má bhí siad ar mheánscoil anseo sna hochtóidí. Bhí sé tugtha do hearóin.

Sea, múinteoir ag múineadh i gceann dár scoileanna agus é faoi thionchar hearóine. Anois, níl orm a rá nach bhfuil sé ag múineadh a thuilleadh.

Níl sé tar éis a bheith ag obair le fiche cúig bliain. Níor mhair an pósadh ach bliain nó dhó ach an oiread agus an t-ádh leis nach raibh páistí orthu.

Ní dhéanann an fear seo faic gach lá ach smaoineamh ar conas teacht - go dleathach - ar airgead chun drugaí nó alcól a cheannach.

Fiú go bhfuil sé ag glacadh drugaí láidre le thart ar dháichead bliain, níor chuir na Gardaí aon spéis ann riamh (mar a úsáidtear an sofhriotal sin). Tá a leithéid de dhaoine inár measc agus muid, uaireanta, i ngan fhios ar a n-ainbhéas drugaí.

An fáth a bhfuil mé ag scríobh arís faoi dhrugaí ná gur seo an t-am sa bhliain, an bhliain úr, ina nglacann daoine rún an saol acu d'athrú.

Tá gach aon iarracht déanta ag an bhfear seo é féin a 'ghlanadh' tar éis na mblianta ach gan aon rath air.

Tá mé tar éis an-chuid d'fhoghlaim faoi chúrsaí drugaí ón bhfear céanna - conas, mar shampla, a imíonn sé go rialta go dtí an clinic meatadóin chun meatadón d'fháil. Ach ní úsáideann sé, nó mórchuid andúileach drugaí eile, an meatadón a sholáthraíonn an Stát.

Chomh luath agus atá siad taobh amuigh den chlinic, déanann siad babhtáil air chun

an hearóin is dúil leo d'fháil. Tá a fhios ag gach duine a thriailéann cabhrú le handúiligh gur mar seo atá ach leanann an córas ar aghaidh.

Seo acmhainní an Stáit á thabhairt go hindíreach do choirpigh, an méid seo ar eolas ag cách agus gan aon duine ag déanamh aon rud faoi.

An t-aon dream a fhaigheann aon bhuntáiste as an gcóras mar atá ná na coirpigh. Agus mé ag réiteach chun an t-alt seo a scríobh léigh mé faoin gcoirpeach Éamonn Kelly a dúnmharaíodh le deireanas. Tráth, d'imíodh seisean go Florida, cheannódh sé luach €20,000 de dhrugaí agus faoin am gur shroich na drugaí céanna sráideanna Bhaile Átha Cliath agus sráidbhailte eile na tíre b'fhiú €500,000 an méid céanna. Níl gnó ar domhan gur féidir an t-airgead tapa céanna a dhéanamh as agus gan aon chuma air go bhfuil aon stad ag teacht i ndúil na ndaoine na drugaí 'crua' seo a ghlacadh.

Is ábhar iomlán difriúil é,

Ach ní mar sin atá. Bhí deacracht amháin ag an múinteoir seo - fear an-éirimiúil gurbh fhéidir gur mhúin sé do chuid páistí fiú, má bhí siad ar mheánscoil anseo sna hochtóidí. Bhí sé tugtha do hearóin.

agus cúis díospóireachta, cén fáth go nglacann daoine hearóin agus a leithéid ach déanann siad. Dá bharr, dúnmharaítear mangairí drugaí go rialta de bharr drong amháin ag iarraidh sárú ar dhronng eile, agus iad ar fad ar thóir an airgid. Ina theannta seo bíonn gadaíocht ar siúl de shíor chun díol as na drugaí - idir briseadh isteach i dtithe nó fóin phóca á sciobadh ar an tsráid.

Agus ansin tá costais eile ag baint le drugaí. Tá an córas dlí plódaithe leo siúd go bhfaigheann na Gardaí greim orthu - á n-impórtáil, á bhfás (cannabas), á ndíol agus á n-úsáid - gach gné den ghnó atá i gcoinne an dlí.

Cuir leis seo an drochshláinte a fhulaingíonn na

handúiligh idir VEID agus heipitíteas ó shnáthaidí salacha, chnámha briste de bharr titime nó troda, dhrochshláinte ghinearálta de bharr gan iad ábalta aire a thabhairt dóibh féin. Agus ar ndóigh, go rialta faigheann andúiligh bás de bharr drugaí 'salacha' nó de bharr ródháileog. Méadaíonn agus méadaíonn na costais arís agus arís eile agus is muidne atá ag díol as.

An t-aon fáth go bhfuil brabús chomh mór le déanamh as drugaí, agus go meallann sé daoine fíorghrána isteach sa ghnó dá bharr, ná go bhfuil an gnó i gcoinne an dlí. Is féidir a rá, dá bharr, gur muidne, saoránaigh na tíre atá ag 'tabhairt' na milliún agus na milliún Euro do choirpigh gach aon bhliain agus iad ag gáire an bealach ar fad go dtí na tithe móra galánta acu sa Spáinn. Muidne a dhíolann freisin as an dramh a fhágann na daoine céanna ina ndiaidh anseo.

De réir Togra Ché na Trádála, dream a chabhraíonn le handúiligh i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath, tá gar le 14,500 andúileach hearóine sa tír. Sin buíon mhór daoine, a bhformhór nach féidir leo cabhrú leo féin agus a chuireann ualach eile ar an Stát cabhrú leo.

Ní theastaíonn ó aon duine go mbeadh drugaí ar fáil go hoscailte sa tír seo nó aon áit eile, i gcás go dtabharfadh sé le fios, go míchruinn, go raibh Stát i bhfabhar glacadh na ndrugaí.

Ach an féidir linn leanúint ar aghaidh ag cur i gcéill go bhfuil muid ag sárú ar fhadhb atá linn le gar le caoga bliain? Nach bhfuil sé in ann againn aibiú agus glacadh leis nach bhfuil an méid atá á dhéanamh chun sárú ar na mangairí drugaí ag obair agus go bhfuil sé ag cosaint i bhfad an iomarca ar an tír seo agus ar gach aon tír eile trasna na hEorpa agus níos faide i gcéin?

Smaoinigh ar an lá á ndúiseadh comharbaí Éamonn Kelly chun an nuacht a chloisteáil go raibh athrú sa dlí agus nach mbeadh ar andúiligh a gcuid drugaí a cheannach ó screamh cosúil leo siúd.

Bí cinnte go mbeadh teacht ag coirpigh ar bhealaí eile chun airgead a ghnóthú ach mar a dúirt mé ní fios domsa aon ghnó eile gur féidir oiread airgid a dhéanamh as agus go dtiteann an oiread sin dochair as gan stop.

Tá uachtaránacht ar an Aontas Eorpach á glacadh ag an tír seo go ceann leathbhliana. Níl



Fear ag glacadh hearóine

seans ann gur féidir topaic chomh casta a leigheas chomh gasta sin ach an bhfuil sé de dhánacht againn mar thír ceannródaíocht a dhéanamh agus ar a laghad an

díospóireacht a thosú gurbh fhéidir i gceann cúpla bliain go mbeimis ag déileáil le fadhb na ndrugaí ar bhonn i bhfad níos ciallmhaire agus níos sibhialta? Smaoinigh, dá bharr, go

bhfeicfimis titim mhór sa ráta coiriúlachta agus acmhainní Stáit atá á gcur amú ar an gcogadh frithdhrugaí, á n-úsáid ar fhadhbanna eile go bhfuil géarghá leo?

Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2013 CEATHARLACH, Co. CHEATHARLACH 2ú – 7ú Aibreán

Comórtas Amhrán Nua-Chumtha

Tá comhairle Pan Cheilteach na hÉireann ag lorg Amhrán Nua-Chumtha do chomórtas náisiúnta na hÉireann. Is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha. Tá duais €1000 le gnothú ag an mbuaiteoir. Beidh na hamhráin le canadh ag an gComórtas Náisiúnta in Óstán Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 7 Feabhra 2013. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chuig an Comórtas Idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCeatharlach 2ú-7ú Aibreán 2013.

Seol an t-amhrán ar dhlúthdhiosca roimh 8ú Eanáir 2013 chuig:
An Rúnaí, An Comórtas Amhrán Nua-Chumtha, Oifig na Féile Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach, Co. Cheatharlach.

Rialacha agus foirmeacha iontrála ar fáil ar shuíomh gréasáin
www.panceltic.ie. Gach eolas ón oifig ar pancelticcompetitions@gmail.com nó ar +353 (0)85 1340047, +353 (0)59 9158105.

COMÓRTAIS EILE PAN CHEILTEACH 2013:

Tá Coiste na Féile ag lorg iontrálacha freisin i gcóir comórtais eile Pan Cheilteach: Cóir, Fídl, Cruit/Cláirseach, Píobaireacht, Rince agus Amhránaíocht Thraidisiúnta.

Urraithe ag IMRO
agus Gael Linn



GAEL LINN



Annus Mirabilis 2013

Páidí Ó Lionáird ar 2012 agus 2013



BUÍOCHAS le Dia go bhfuil an méid sin thart. 2012 atá i gceist agam - annus horribilis gan aon agó - cuma liom cad a thagann an treo i mbliana, braithim go mbeidh mé in ann déileáil leis gan stró ró-mhór.

I ndiaidh Nollag den scoth a chaitheamh, Nollaig a bhí cosúil dá leithéid na blianta ó shin nuair nach raibh an t-airgead ro-fhlúirseach. Thug an t-eispéireas i mbliana siar mé agus chuir smacht orm.

Ní raibh an fuadar nó an tsaint chéanna agus ní raibh an teidlíocht a théann le nós na Nollag le blianta beaga anuas le tabhairt faoi ndeara. Ní raibh agus go mba fada uainn arís é!

Bhí Nollaig álainn, bhunúsach agus chomharsanúil againn. Nollaig a bhí ann a thug an teaghlach againne ar cuairt ar chomharsana na sráide againn. Nollaig a thug baill teaghlach ár muintire chugainn ó chian agus ó chónagar agus b'álainn an t-athrú a bhí ann an tigh a bheith gnóthach le teann cuairteoirí, cainteacha, ceolmhara agus cuid acu clúiteach fiú!

Nollaig den sean-nós mar sin a bhí ann agus táim buíoch gur mar sin a bhí. Mheabhraigh sé dúinn an tábhacht atá le teaghlach agus baill ón tsean-nead ag an tráth seo

bliana. Bunchloch bhunúsach ach uaireanta ligthe i ndearmad ach atá tugtha chun tosaigh i'm mheabhair féin ó shin i leith. Ba mhaith liom a shamhlú gur mar sin a bheidh an bhliain seo chughainn agus as san amach freisin.

Táim ag súil freisin leis an bhliain seo chughainn agus ní ó thaobh na Nollag de amháin mar ba mhaith liom súp a bhaint as gach ceann de na 2,300 ócáidí atá cláraithe le daoine a thabhairt le chéile i 2013. Cuir i gcás an Slógadh mór atá beartaithe ag an Taoiseach Enda Kenny dúinn, "The Gathering" agus tá fhios agam nach mó ná sásta atá aisteoir amháin ar leith darbh ainm Gabriel Byrne faoi.

N'fheadar cad atá aige ina choinnibh ach sílim gur beag-is-fiú 'bheith ag tabhairt faoi aon chleas a thabharfaidh na sluaite ar cuairt chun a gcuid clanna a fheiscint nó chun taitneamh a bhaint as a bhfuil de bheatha againn.

Iadsan nach bhfuil lorg a gclanna ar eolas acu, agus le hos cionn 40 milliún Meiriceánach amháin a deir gur as Éirinn a sinsir, nach mbeadh fíor-fháilte rompu siúd ar mhaith leo teacht chugainn agus seal a chaitheamh ag sú isteach a bhfuil d'oileán ársa, fileata, fealsaimh againn?



Oíche na Seanbhliana i mBaile Átha Cliath; Oscar Vega agus Sara Venture as Meicsiceo ag tabhairt póige dá gcéile chun an ócáid a cheiliúradh

[PIC: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Iarrtar iarratais ar na poist seo a leanas:

Bainisteoir Sinsearach (2 phost)

Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise

Spriocdháta: Dé hAoine, 11 Eanáir 2013

Sonraí/nós imeachta Iarratais:

Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar an bpost thuas téigh chuig

<http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/>

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



www.oegaillimh.ie

Narbh dheas fáilte a chur rompu ar fad agus deis a thabhairt dóibh blas d'oidhreacht a sínsear a thabhairt abhaile leo? Cé hé Gabriel Byrne le rá linn nár chóir dúinn an cuireadh sin a thabhairt? Muna dteastaíonn sé uatha, nach féidir leo san ghlacadh nó diúltú dá réir?

Tiocfaidh go leor daoine agus i bhfianaise an tslua a tháinig nuair a bhí cluiche peile Meiriceánach i mBleá Cliath an Fómhar seo caite, narbh dheas cuid acu a thabhairt ar ais? Tá sprioc de mhilliún go leith cuairteoir sa bhreis luaite leis an togra agus má thagann siad, nach mór an

feabhas a chuirfidh sé ar scéal turasóireachta na tíre don bhliain?

Arú aréir agus mé ar cuairt ar mo mhuintir ó dheas bhuaileas le duine de'm nianna a bhí sa bhaile ar saoire na Nollag ach atá i gcéin san Astráil cosúil leis na céadta mílte Éireannaigh óga eile nach bhfuilimid in achmhainn a chothú. Tá an t-ádh linn nach bhfuil siad anseo go lánaimseartha mar ba bhocht an cruth a bheadh ar an líon siúd atá dífhostaithe dá bhfanfaidís. Mar sin féin, táimid cruthaitheach mar chine. Táimid in ann muid féin a chur chun tosaigh agus chun

cinn agus táimid solúbtha ár ndóthain le bheith in ann cleasanna agus deiseanna nua a smachtú agus a shealbhú dúinn féin. Táimid ealaíonta agus liteartha agus chomh tábhachtach le gach ceann de na tréithe sin tá acmhainn grinn den chéad scoth againn.

Tá sé cloiste agam go minic gur chóir don Taoiseach fanacht go dtí 2016 chun a leithéid de shlógadh a ghairm d'fhonn dul comhthreomhar le comóradh céid Éirí Amach na Cásca. Nílímse á rá narbh dheas an smaoineamh é sin ach déarfainn go héasca gur mó fáilte a chuirfeadh an earnáil

turasóireachta roimh pé lámh in áirde a thabharfadh an "Gathering" i 2013 agus thabharfadh 2016 aire dó féin.

I ndeireadh na dála, tá sé rithábhachtach go n-oscloimis ár ndoirse, go leagaimis na geataí agus go gcuirimis fáilte Uí Cheallaigh rompu siúd ar fad a thiocfaidh an treo agus go léireoisimis chomh fial agus chomh flaithiúil is atáimid. Táimid fós ar cheann de na ciní is mó a bhfuil gean ag tíortha móra an domhain orthu. Bainimis pé buntáiste gur féidir linn as!

Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise daoibh ar fad.

Léiríonn Fógra Raidió cé chomh ‘Amaitéarach’ is atá Foras na Gaeilge

Focail le Gaoth

Le
Concubhar
Ó Liatháin



I gCAITHEAMH na Nollag agus mé ag éisteacht leis an raidió, tá fógra ag tathant orm Gaeilge a thríail ‘with the páistí’ cloiste agam iliomad uair. Is fógra é seo atá craolta ar son Fhoras na Gaeilge agus is í Aoibhinn Ní Shuilleabháin atá mo mhealladh i dtreo na teanga.

Is dócha gur maith ann fógra ar son na Gaeilge. Tá an fógra seo dírithe ar lucht na gcúpla focal, iarracht atá ann iadsan a mhealladh i dtreo cúpla focal sa bhreis a úsáid.

Tá teachtaireacht láidir ag tús an fhógra, go ndeir triúr as gach ceathrar go bhfuil cumas éigin againn sa teanga. Níor cheart an dea-mhéin don Ghaeilge atá beo i bhformhór na gcuislí sa tír a ligint i ndearúd choíche.

Ag an am chéanna fágann an feachtas seo blas searbh i mo bhéal. Fógra fánach é seo nach n-iarrann orainn ach cúpla focal breise Gaeilge a úsáid ach nach dtugann eolas fiú ar cén áit a

bhfaighfeá ábhar sa teanga sin - ní luaitear fiú suíomh idirlín an Fhorais féin ann, www.gaeilge.ie.

Léiriú é seo ar chur chuige amaitéarach agus tugann sé leid dúinn go mb’fhéidir gur cumadh an feachtas seo d’fhonn cúpla nó fiche míle Euro a bhí fágtha i gcúntas an Fhorais ag deireadh na bliana a chaitheamh sara dtabharfadh na mathair-ranna faoi deara go raibh sé ann.

Conas is féidir éifeacht an fheachtais a thomhas nó an bhfuil sé i gceist, fiú, go mbeadh sé éifeachtach?

Ar an láimh eile, molaim go hard an fógra galánta is ealaíonta is thar a bheith éifeachtach ón gcomhlacht leabhar, Coiscéim, a bhí á chraoladh go leanúnach ar TG4 le linn na Nollag! Sin fógra a mheallfadh mé chun leabhar Gaeilge a cheannach!

Más mír é seo i bhfeachtas níos iomláine, feachtas a chuirfidh an teanga ós comhair na tíre ar fad i slí dhearfach, úsáideach agus éifeachtach, seachas ornáideach, bhuel maith dhom an éagóir, a Fhorais.

Is cuimhin liom nuair a bhíodh Foras na Gaeilge ag urrú Ros na Rún, an clár is mó lucht féachana ar TG4, agus nuair a dheineas argóint gur cheart táirgí agus seirbhísí a dtugadh



Foras na Gaeilge tacaíocht dóibh chun an Ghaeilge a chur ós comhair an phobail ar bhonn leanúnach, bheith luaite sna fógraí, leithéidí Lá, leabhair Ghaeilge, beo.ie agus go leor eile, tugadh an chluas bhodhar dom.

Leanadh le fógraí ag fógart tacaíocht ‘Fhoras na Gaeilge’ don tsraith. Ba bheag an éifeacht a bhí leis an bhfeachtas sin - cé gur dhaingnigh sé an tuairim i mo cheann na cosúlachtaí idir Foras na Gaeilge agus sobaldráma teilifíse - agus tháinig deireadh leis.

Aithníme an oiread le héinne eile go bhfuil daoine maithe éifeachtacha ag obair le Foras na Gaeilge agus ar bhord na heagraíochta. Tá roinnt scéimeanna fóna curtha ar bun acu, leithéidí an tacaíocht a thugann siad d’fhostú oifigigh

Glór na Gaeilge :
Aoibhinn Ní Shuilleabháin

[PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

Ghaeilge in eagrais ar nós comhairlí contae agus eagrais gníomhaíochta eile.

Ach an lú an Fhoras ná suim na bpáirteanna? Sin í an cheist a chuirim.

Cinnté, nuair a bunaíodh Foras na Gaeilge sa bhliain 1999 - agus bhíos féin páirteach i mbrúghrúpaí ag lorg a leithéid, foras trasteorann teanga - bhí go leor dóchais ann go mbeadh rath ar an eagrais agus go dtabharfadh sé tús nua don teanga ó thuaidh agus ar fuaid an oileáin.

Ach láithreach deineadh créatúr polaitiúil den bhforas.

Bhí cead ag na mórfháirtithe ó thuaidh ochtar comhalta a ainmniú agus bhí an líon céanna le roghnú ag an Aire Gaeltachta ó dheas. Sna blianta luatha ceapadh comhaltaí le blas láidir an SDLP ar a gcuid polaitíochta ón dtaobh náisiúnach agus bhí clú an fhrith-SFachais ar an dream a chuir an Páirtí Aontachtach ar an mbord. Don chuid is mó is beag aithne a bhí ar an dream a roghnaigh an tAire ó dheas i measc lucht gnímh na Gaeilge.

Níor tháinig aon athrú ar an bpróiseas roghnúcháin - ní fhaca mé riamh fógra poiblí ag lorg iarratais/léirithe suime do chomhaltachtaí ar bhord an Fhorais - agus fiú go raibh athrú ar chúrsaí polaitíochta, is ar éigean go n-aithneofaí athrú ar an mbord i gcaitheamh na mblianta.

Bíonn feidhmeannaigh an Fhorais go minic ag labhairt faoi ‘luach airgid’ a

bhaint amach don cháiniocóir agus iad ag tagairt go sonrach d’iarrachtaí na n-eagras Gaeilge ach ní léir don cháiniocóir seo go bhfuil an Foras ag tabhairt luach mo chuid airgid dom.

Anois, tá míchlú ormsa mar dhuine a bhíonn ag gearán faoin bhForas.

Tá cloch sa mhuinchille agam don eagrais, cuirtear i mo leith, agus níor staon mé ón gcloch sin a chaitheamh anois is arís.

Ar an láimh eile, is cainteoir Gaeilge mé. Scríobhaim agus léim i nGaeilge.

Tá mo pháistí á thogaint leis an dteanga seo. Cothrom an ama seo deich mbliain ó shin bhí lámh agam in athsheoladh nuachtáin laethúil Ghaeilge agus ba é an chéad fheachtas a thugamar faoi agus bhí rath air, ciorrú de €2m a rinne Éamon Ó Cuív, Aire Gaeltachta na linne, ar bhuiséad an Fhorais i Nollaig 2002 a chur ar ceal.

Ceapaim féin gur tacadóir mé ar bhunmhisean an Fhorais, más amhlaidh gurb é bunmhisean an Fhorais, an Ghaeilge a thacú agus a bhuanáir mar theanga bheo ar fuaid an oileáin.

Tá caint ann faoi atheagar a dhéanamh ar na heagrais Ghaeilge. B’fhéidir go bhfuil gá le sin. Ach má tá aon atheagar le déanamh, ní foláir do tosnú le Foras na Gaeilge féin.

Ba cheart páirtíocht a bheith ar bun idir an Fhoras agus lucht gnímh na teanga agus is beag an dealramh atá idir an choimhlint leanúnach iomarcach agus aon pháirtíocht fhóna.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Mar a glacadh le ballraíocht san Eoraip 1973



Donncha Ó hÉallaithe

Dhá scór bliain ó shin ghlac Éire, thuaidh agus theas, le ballraíocht san Aontas Eorpach, nó an Cómhargadh mar a tugadh air ag an am. Lá Caille 1973 mhéadaigh an Cómhargadh Eacnamaíochta Eorpach (C.E.E) ón sé bhall bunaithe go 9 mball: Éire, An Ríocht Aontaithe agus An Danmhairg na tíortha nua.

Bhí sé i gceist go mbeadh an Iorua ag glacadh ballraíochta sa C.E.E. chomh maith ach vótáil muintir na hIorua in aghaidh ballraíochta i reifreann a reáchtáladh i Meán Fómhair, le 53% in aghaidh ballraíochta agus 47% ar a shon. Cé go raibh rialtas na hIorua go láidir ar son ballraíochta sa C.E.E., agus roinnt mhaith blianta caite ag rialtas na tíre i mbun idirbheartaíochta faoi na



An tAire um Ghnóthaí Eachtracha, Patrick Hillery, agus an Taoiseach, Jack Lynch, ag síniú na ndoiciméad agus ag glacadh Éire isteach sa Chomhmarhadh Eorpach siar i 1973.

téarmaí ballraíochta, glacadh le breith na ndaoine agus d’fhan an Iorua taobh amuigh. Leis an mbealach a bhfuil cùrsaí eacnamaíochta san Aontas Eorpach na blianta seo, drochsheans go bhfuil aon aiféala ar mhuintir na hIorua nár ghlac siad le comhairle an rialtais, dhá scór bliain ó shin!

Seans maith gur dúradh le muintir na hIorua go mbeadh siad dúnta amach ó mhargaí na hEorpa mura nglacfaidís

ballraíocht. B’shin a dúradh le muintir na hÉireann san fheachtas ar son ballraíochta agus chreid daoine é sin. Ní hiontas ar bith agus bagairt eacnamaíochta mar sin ann, gur vótáil muintir na hÉireann go láidir ar son ballraíochta Bealtaine 1972, le 83% ar a shon agus 17% ina aghaidh.

Ceapadh an Dr. Paddy Hillery T.D. mar chéad choimisinéir ó Éirinn agus tugadh Gnóthaí Sóisialta dhó mar

chúram. Nuair a tionóladh an chéad chruinniú de Chomhairle na nAirí, ba é an tAire Gnóthaí Eachtracha, sean-Bhrian Lenihan T.D. a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann. Ceann de na nithe a bhí ar an gclár don chruinniú sin ná teacht ar shocrú trádála leis an Iorua!

INNIU, 5 Eanáir, 1973

ÉIRE SA C.E.E

‘Lá mar aon lá eile - ba é sin an nath a bhí i mbéal gach éinne, Dé Luain, ach ba leor iad a bheith dhá rá lena léiriú nárbh ea, mar taispeánadh lena linn gur thuig siad gur lá ar leith é agus gurbh ait leat gan iontais a bheith le feiceáil dá bharr.

Lá nach raibh fuar ná te, geal ná gruama, i mBaile Átha Cliath, ar scor ar bith, ach díreach - lá mar aon lá eile, cheapfá, murach ceannlínte na nuachtán a bhí á ndíol ar an tsráid:

GOOD MORNING EUROPE arsa an Irish Independent agus d’fhoilsigh sé

léarscáil den Eoraip le tíortha an C.E.E. uilig dubh. Níor chuimhnigh sé féin ná aon cheann dár bpáipéir ar bheannú don Eoraip i dteanga seachas teanga Shasana. ...

Má bhí an chuma ar an scéal gur beagnach gan fhios dúinn a bhíomar i ndiaidh dhul isteach san Eoraip is é ba chúis leis, is dócha, gur tugadh aitheantas go glórach don ócáid ag meán oíche roimhe sin, nuair a dúirt na céadta de mhílte ar fud na hÉireann, thuaidh agus theas, i nGaeilge agus i mBéarla: “Tá muid san Eoraip anois!”

Ag an bPreas-Bhál in Óstán Burlington, mar shampla, sheinn Buíon Cheoil Champa Oiliúna an Churraigh, a bhí ag soláthar an cheoil do na damhsóirí, sheinn siad an “Fonn Eorpach” agus díriodh soilse ar bhratacha thíortha an Chomhphobail a bhí crochta timpeall an halla. D’éirigh roinnt de na haíonna ina seasamh le hurraim don ócáid ach d’fhan a lán de na hiriseoirí ina suí agus lean dá gcomhrá; corrdhuine go dúshlánach, frith-Eorpach, ach a mbunús toisc nár aithin siad cad a bhí ar siúl nó á sheinm. ...

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Dóchas na Bliana Úire

TAR éis na mblianta éadóchasacha seo tá dóchas éigin le mothú i ngeilleagar na hÉireann cé go bhfuil fadhbanna móra againn fós.

Tuairiscíodh thar an Nollaig go raibh figiúirí miondíola níos fearr ná mar a bhíodhas ag súil agus tá leideanna ann chomh maith go bhfuil praghsanna tithe ag ardú go suntasach.

Tá dífhostaíocht ag titim chomh maith ach ar ndóigh tá na figiúirí sin faoi thionchar ag líon na ndaoine atá ag fágáil na tíre seo ar imirce.

Ach is leideanna eacnamaíochta dearfacha iad agus ba cheart go mbeadh dóchas againn cé go bhfuil blianta de dhéine

romhainn go fóill.

Tá muinín de dhíth orainn, ionainn féin agus inár dtír agus ní fealsúnacht amháin atá i gceist. Tá sé rithábhachtach go gcuirfidh muid daoine ar ais ag ceannach sna siopaí chun borradh a chur faoi gheilleagar agus i ndeireadh na dála chun poist nua a chruthú.

Seans go bhfuil ról ag na meáin agus ag lucht tráchtairachta i gcoitianta sa phróiseas sin; in áit a bheith ag gearán faoin tír seo, ag caoineadh na himpireachta, ag athscríobh na staire, ag smaoineamh cén fáth nár rugadh iad áit éigin eile agus ag ceistiú ár bhféiniúlachta, seans gur féidir leo iarracht a dhéanamh a bheith dearfach

faoin tír ársa álainn seo?

Seans go bhfuil sé in am dóibh teacht in aibíocht agus a bheith ar dhóigh éigin tírghrách cosúil lena leithéid i ngach tír eile ar an tsaoil?

Ach b'fhéidir nach bhfuil 'muid' aibí go leor go fóill?

Ar ndóigh, tá níos mó ná déine amháin de dhíth áfach, tá infheistíocht dhearfach de dhíth chun cruthú poist úra a spreagadh agus ba cheart don rialtas díriú isteach air sin sa bhliain úr.

Ní ar mhaithe le figiúirí dífhostaíochta a ísliú ach chun ár ndaoine óga agus a dtal-lanna a choinneáil sa tír - tá siad riachtanach do bhiseach eacnamaíochta ar bith.

Tá sé tábhachtach chomh maith go dtuigfidh daoine óga go bhfuil ról dearfach le himirt acu in athghiniúint na hÉireann agus gur cheart smaoineamh ar fhanacht sa tír le bheith páirteach ann.

Ar ndóigh, tá sé rithábhachtach i gcónaí, nach dtitfidh an fhreagracht as aon bhiseach eacnamaíochta orthu sin is lú freagracht as an ghéarchéim eacnamaíochta sa chéad dul síos, is é sin le rá, daoine bochta.

Ach cuimhnímis, tá níos mó cumhachta ag Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel, ar gheilleagar na hÉireann ná mar atá ag ár rialtas féin agus níl sé sin inghlactha ar chor ar bith.

Bliain úr faoi mhaise dár léitheoirí go léir

SEO 2013 agus 'Bliain na Gaeilge', bliain thábhachtach í seo ó thaobh na Gaeilge.

Tá a fhios againn go bhfuil sé sin ráite ag na meáin Ghaeilge le 100 bliana ach mura

féidir an taoide a chasadh i mbliana, ní chasfar í choíche. Ná bíodh aon amhras ann faoi sin. Leanfaidh Gaelscéal ar aghaidh ag iarraidh páipéar den scoth a chur amach agus le

bheith ag forbairt i gcónaí.

Leagan 24 leathanach é seo mar gheall ar an tsaoire ach de ghnáth, 40 leathanach atá á chur amach againn in aghaidh na seach-

taine agus leanfar ar aghaidh leis sin i mbliana d'ainneoin chúinsí eacnamaíochta.

Bliain úr faoi mhaise daoibh go léir, a léitheoirí.

'Ag íoc lena mbeatha as an fhírinne a rá'



Eoghan Ó Néill

Níl agus ní raibh riamh an dúrud measa agam ar iriseoirí. Agus sin in ainneoin go bhfuil bunús mo shaoil mar dhuine fásta caite agam i mbun pinn.

Téann an easpa measa sin siar chuig na trioblóidí agus mé ag fás aníos in 'geiteo' i mBéal Feirste.

Thuig mé, go fiú agus mé i mo dhéagóir, nach raibh tuiscint ná taithí ná firinne an tsaoil s'agamsa le sonrú sna mórmheáin thuaidh ná theas ach go hannamh, má bhí sé riamh ann.

Chuaigh mé leis an iriseoireacht díreach chun go mbeadh taithí is tuiscint is tuairisciú mo mhacasamhail le sonrú na meáin.

Tá níos mó is níos mó eolais againn na saolta seo faoi Dhomhnach na Fola, faoi dhúnmharú Pat Finucane, faoin dóigh a raibh an RUC ag comhoibriú le sraithmharfóirí dílseacha, faoin ról a bhí ag fórsaí Shasana i mbuamáil Átha Cliath agus dá réir.

Ach cá raibh na hiriseoirí aitheanta,

am na coimhlinte, a chuir na ceisteanna cruu, a rinne an tochair, a chuir a slí beatha, a gclú nó a mbeatha féin i mbaol ar mhaithe leis an fhírinne sin a nochtadh?

Ní údar bróid do bhunús iriseoirí thuaidh ná theas an dóigh a rinne siad tuairisciú ar na trioblóidí.

Agus nuair a bhreathnaím ar dhomhan na hiriseoireachta is na nuachtáin inniu bím lagmhisniúil faoi na mórmheáin sa tír seo i gcónaí.

Níl mórán de dhifríocht idir luachanna agus líne oifigiúil an Irish Times, an Irish Indo, RTÉ et al. Is gá éagsúlacht bhreise sna meáin anseo agus thar aon rud eile is gá glúin d'iriseoirí a bhfuil drochmheas orthu cionn is go n-insíonn siad an fhírinne searbh seachas glacadh leis an 'fhírinne' oifigiúil.

Feicim an iliomad contúirt ag baint le fás na hiriseoireachta YouTube agus na hiriseoireachta ar líne. Ach tá oiread féidearthachta leis agus atá de chontúirt ann. Agus ar laghad ligfidh an iriseoireacht neamhspleách sin ar líne dúinn na glórtha imeallacha nach bhfaigheann éisteacht ar na mórmheáin de ghnách a chloisteáil.

Ach taobh le taobh leis an easpa measa a bhíonn agam ar iriseoirí tuigim go bhfuil scoth oibre ar bun ag iriseoirí áirithe anseo in Éirinn agus dá crúinne.

Agus tuigim go maith go n-íocann

Níl mórán de dhifríocht idir luachanna agus líne oifigiúil an Irish Times, an Irish Indo, RTÉ et al. Is gá éagsúlacht bhreise sna meáin anseo agus thar aon rud eile is gá glúin d'iriseoirí a bhfuil drochmheas orthu cionn is go n-insíonn siad an fhírinne searbh seachas glacadh leis an 'fhírinne' oifigiúil.

iriseoirí praghas ard as dul a lorg na firinne. I gcásanna áirithe maraítear iad as dul a lorg na firinne.

Ó thosaigh an Coiste um Chosaint Iriseoirí ar thairfead oifigiúil ar na rudaí seo in 1992 dar leo gur maraíodh 965 iriseoir. 965 fear agus bean.

Agus maraíodh 70 iriseoir anu-raidh, 28 duine acu sin in Siria.

Leithéidí Mika Yamamoto, (45) bean a chaith iomlán a saoil fásta ag

tuairisciú ó láithreáin chogaíochta do na meáin Seapánacha. 'Níor iriseoir cogaidh í' arsa a hathair Hiroshi, 'ach iriseoir daonna. Bhí sí maite ar theacht abhaile slán chun a insint na firinne faoi shaol na mban san Afganastáin nó scéal na cosmhuintire i mBagdad a bhí faoi ionsaí ó aerfhórsaí an Iarthair. Daoine agus a bhfuilaint an suim s'aici. Tá mé iontach bródúil aisti.' Saighdiúirí de chuid arm na Siria a mharaigh í in aice le Aleppo.

Maraíodh Guillermo Quiroz Delgado (31) sa Cholóim cionn is an tuairisciú a rinne sé ar bhrúidiúlacht na bpéas. Caitheadh ó chúl leoraí é a fhad is go raibh na péas á thabhairt chuig beairic. Tá triúr péas curtha ar fionraí agus a bhás á fhiosrú.

Mharaigh aerfhórsa Iosrael Mahmoud al-Kumi agus Hussam Salama nuair a scaoil siad diúracán ar a gcarr i nGaza. Bhí na litreacha TV peinteáilte go sonrach ar an charr agus dar le Human Rights Watch gur sárú ar dhlíthe an cogaidh a marú.

Blagaire a ba ea é Sattar Beheshti. Cháin sé na húdaráis san Iaráin ar a bhlag Maghal 91 agus bagraíodh air dá bharr. Maraíodh é le linn dó a bheith faoi ghlas in Tehran.

Mharaigh gunnadóir Décio Sá, (42) iriseoir Bhrasaíleach, i gcaife in Sao Luis i mí Aibreáin. Dar le duine atá cúisithe as a dhúnmharú gur

mharaigh siad é cionn is gur scríobh sé scéalta faoi sracaireacht agus faoi chalois.

Trí scór agus deichniúr iriseoir a d'íoc lena mbeatha as a jab a dhéanamh anuraidh.

Agus bhí 2012 ar an bhliain is measa do chur faoi ghlas iriseoirí ó 1990. Dar leis an Choiste um Chosaint Iriseoirí gur cuireadh 232 iriseoir faoi ghlas anuraidh agus gur sa Tuirc, sa tSín agus san Iaráin a cuireadh go leor acu faoi ghlas.

Sa domhan a bhfuilimid beo ann maraíodh 40,000 duine in Siria anuraidh gan fíoriarracht lena stopadh. Seachas cur i gcoinne na Síne is ar éigean go bhfuil tír ar bith ar domhan nach bhfuil ag sodar i ndiaidh na Síneach in ainneoin na n-uafás a tarlaíonn sa Tibéid nó an sárú cearta daonna ar bhonn rialta sa tSín féin. Agus ón Phalaistín go Bairéin tá cos ar bholg ar dhaoine nach bhfuil uathu ach a gcearta.

Is mó ná riamh atá tuairisciú mhaith agus iriseoirí maithe uainn. Is mó ná riamh atá cosaint de shórt éigin agus aitheantas de dhíth ar iriseoirí. B'fhiú don Choiste Nobel sin a mheabhrú agus iad ag roghnú Gradam Síochána na Bliana seo. Is mó atá gradam de dhíth ar iriseoirí cróga ná an tAontas Eorpach ná Barack Obama.

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Gaillimh Beagnach milliún caite ar Chomhairleoirí Contae anuraidh - os cionn €30,000 ar an meán

Máirtín Ó Catháin

€30,369 an duine, ar an meán, a caitheadh ar allúntais agus ar chostais Chomhairleoirí Chontae na Gaillimhe anuraidh. “Speáineann cuntas bliantúil na Comhairle gur caitheadh beagnach milliún euro uilig ar íocaíochtaí a tugadh don deich nduine fhichead atá ina mbaill den Chomhairle.

Ach cé gur meán de €30, 369 atá i gceist bheadh roinnt acu ag fáil níos mó ná sin agus roinnt eile a bheadh roinnt mhaith míle níos ísle ar theacht isteach. Mórán mar a chéile a bheidh cúitimh agus costais ag na Comhairleoirí Contae sa bhliain seo 2013; glacadh leis sin i mBuiséad 2013. Níl an t-allúntas speisialta a fhaigean an Méara agus an Leas-Mhéara curtha sa chomhaireamh agus an meánchaiteachas in aghaidh an Chomhairleora dá thomhas.

Faigheann Comhairleoirí Contae allúntas €17,940 in aghaidh na bliana. Tá sin leagtha síos do chuile Chomhairleoir. Ach faigheann an Méara agus an Leas-Mhéara €63,750 le cois in aghaidh na bliana agus an chuid is mó dó sin ag dul don Mhéara. Sé an Chomhairleoir Tomás Welby as Uachtar Ard an Méara i mbliana.

Caitheadh €202,500 ar liúntais eile a bhain le hobair na gComhairleoirí anuraidh; bhainfeadh sé seo le dual-

gais ar choistí éagsúla. Is iondúil gur ag an dream a mbíonn ceannas acu ar an gComhairle - Fine Gael agus an Lucht Oibre agus cúpla neamhspleách i nGaillimh - a bhíonn tromlach na ndualgaisí seo agus gur acu a bhíonn an chuid is mo de na hío-caíochtaí breise.

Caitheadh €131,190 ar chostais tais-til agus cothabhála agus ar chostais eile a bhain le dualgais na gComhairleoirí. Ar an meán, bheadh €4,373 in aghaidh an Chomhairleora i gceist ansin ach bíonn difríochtaí móra sa lear taistil a dhéanann Comhairleoirí éagsúla.

Caitheadh beagnach €40,000 ar chostais éagsúla eile.

Tugtar gar do €5,000 do chuile Chomhairleoir le dhul chuig comhdhálacha ach ní gá dóibh glacadh leis seo; is féidir leo a chur i dtreo oibreacha áirithe pobail. Seo é a rinne an Chomhairleoir Seosamh Ó Cuaig roimh an Nollaig nuair a shocraigh sé go gcuirfí a chuid “airgead comhdhála” féin isteach i gciste Ionad Cuimhneacháin na nÍmirceach i gCar-na.

Maigh Eo Athrú ar Phíplíne na Coiribe

Anton Mac Cába

THUG An Bord Pleanála cead pleanála do Shell EP Ireland le hathruithe a dhéanamh ar shuiteáil na comhla san áit mar a bhfuil píblíne gháis na Coiribe le teacht i dtír in Ior-ras, Maigh Eo.

I measc na n-oibreacha a ceadáíodh, bhí athrú 90° ar ailíniúchán trí tharcuradóir brú; méadú 50% ar mhéid chuid de na píopaí; mias micreathonnach, a bheadh 1.6 méadar os cionn an sconsa slándála; dhá chaighean, ceann faoi thalamh, ceann os cionn na talún; agus aer-iontógáil a bheadh 1.5 méadar os cionn an sconsa slándála.

Mhol cigire an Bhoird, Stephen O’Sullivan, go gceadófaí an fhorbairt ar an bhonn nach ndéanadh na leasuithe a moladh aon athrú ar an áit mar a raibh an píblíne suite “nó na paraiméadair trína mbeadh sí ag feidhmiú. Ní bheadh éifeachtaí ar bith, bíodh siad suntasach nó na bíodh, ar an timpeallacht ag na hathruithe atá dá moladh anois, nach ndearnadh measúnú orthu mar chuid den mheasúnacht tionchair timpeallachta a rinne An Bord ar an fhiontar.”

Ní raibh éisteacht ar bith sa chás seo. Pléadh leis mar bhonneagar straitéiseach. Ní fios, ag an phointe seo, an seasamh atá na feachtasóirí áitiúla ag dul a ghlacadh.



Ag ócáid ar na mallaibh d’fhógair Méara chathair na Gaillimhe, Terry O’Flaherty go mbeadh €50,000 le dul chuig an eagraíocht Gaillimh le Gaeilge sa bhliain amach romhainn. Thaispeáin Bríd Ní Chonghóile as an eagraíocht T-léine de chuid Connacht Rugby, a chur t-léinte ar fáil do Ghaillimh le Gaeilge. Tá Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghailimh le Gaeilge agus an Méara agus an Chomhairleoir Terry O’Flaherty sa ghrianghraf chomh maith.

Laghdú mór ar thalamh zónáilte ar an gCeathrú Rua agus an Spidéal

Máirtín Ó Catháin

LAGHADÓFAR go mór an lear talún atá aitheanta le haghaidh tithíochta i sráidbhailte na Ceathrún Rua agus an Spidéil ach a ndéanfar athruithe ar Phlean na Gaeltachta as seo go ceann roinnt míonna.

Tá 37.99 heicteár zónáilte le haghaidh tithe cónaithe ar an gCeathrú Rua faoi láthair. Ach táthar ag moladh anois go laghdófaí é sin go dtí 5 heicteár; thabharfaí talamh tógála Rannóg 1 air sin. Abraítear sna meastacháin is deireanaí atá déanta ag Comhairle Contae na Gaillimhe gur leor an méid sin talún le freastal ar dhaonra na Ceathrún Rua; méadú 105 atá measta ar an daonra as seo go ceann roinnt blianta. Cé nach mbeadh an chuid eile den 37.99 heicteár dá chaitheamh amach as an zónáil oifigiúil is ag an talamh i Rannóg 1 a bheadh tús áite. Sé an t-adhmad a bheadh le baint as seo gur ar thalamh Rannóg 1 a cheadófaí tithe/árasáin sna blianta beaga amach romhainn.

Tugtar síos sna leasuithe atá molta ar Phlean na Ceathrún Rua freisin go mbeidh 7 heicteár aitheanta le haghaidh forbairt thionsclaíoch.

Tá rannóg pleanála na Comhairle

Contae ag moladh gur 1.19 heicteár a bheadh ar fáil sa Spidéal le haghaidh tithe cónaithe sa chúpla bliain amach romhainn. De réir na meastachán is deireanaí atá déanta ag an gComhairle ní bheidh ach méadú daonra 25 sa Spidéal as seo go 2015. Ba leor 0.79 heicteár le freastal ar an méadú sin a deirtear ach táthar ag cur 50% eile leis an talamh a bheadh i Rannóg den talamh zónáilte - sin 1.19 heicteár uilig. Tá 55 heicteár uilig zónáilte le haghaidh tógáil tithe sa Spidéal ach

cuirfear an chuid is mó dó seo i Rannóg 2.

Tugtar síos freisin go gcuirfear 6 heicteár eile sa chomhaireamh le haghaidh forbairt ar thionscail atá ann faoi láthair - tionscal na lámhc-heardaíochta agus “fiontraíochtaí scannán” go háirithe.

Beidh Comhairleoirí Chontae Chonamara ag déanamh tuilleadh plé ar na hathruithe seo atá molta ar phleananna na Ceathrún Rua agus an Spidéil go gairid.

Gailearaí nua pictiúr ag Gaelscéal.

Féach ar phictiúir d’imeachtaí pobail
agus sóisialta atá ar siúl.

Más mian libh bhuir bpictiúir a
bheith le feiceáil sa gailearaí téigh i
dteagmháil le Cathal Ó Tuathail ag
an seoladh ríomhphost
cathal.otuathail@gaelisceal.ie



LAIGHIN
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie



Foclóir Nua le seoladh i mBaile Átha Cliath

Méabh Ní Thuathaláin

SEOLFAIDH Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge go hoifigiúil sa Ghailearai Náisiúnta, Baile Átha Cliath, faoi dheireadh na míosa.

Foilseofar an chéad chuid den fhoclóir nua Béarla-Gaeilge ar líne ar an 24 Eanáir agus beidh sé ar fáil go leictreonach ar an suíomh www.foclóir.ie ar an lá sin. Ní bheidh an suíomh ag feidhmiú mar is ceart go dtí an lá úd de thairbhe go bhfuiltear ag obair ar an suíomh faoi láthair.

Tá sé ráite ag lucht an fhoclóra go mbeidh tús áite tugtha de chothabháil an tsuimh nuair a sheolfar an fhoclóir agus go mbeidh siad ag cur leis an suíomh i rith an ama. Táthar ag súil go mbeidh os cionn 50,000 ceannfhocal agus téarma sa chéad chuid seo. Chuir Foras na Gaeilge, an eagraíocht atá taobh thiar den tionscadal, in iúl go mbeidh fás agus forbairt ag teacht ar

an fhoclóir sa bhliain úr agus tá siad ag dréim le go mbeidh suas le 100,000 téarma agus focal nua ann.

Tá an tionscadal seo á eagrú ó thús na mílaoise faoi stiúir Fhoras na Gaeilge agus meastar go mbeidh €6 mhilliún caite faoin am a mbeidh sé réidh. Beidh leagan clóite agus leagan leictreach ar fáil, de théarmaí agus d'fhocail nua.

Is é Cathal Convery bainisteoir an tionscadail, fear a bhfuil máistreacht aige san aistriúchán agus taithí na mblianta aige i réimse theicneolaíocht na faisnéise.

Labhair sé faoin ghá atá lena leithéid d'fhoclóir chun stór focal na Gaeilge a leathnú le dul i ngleic leis an fhoclóir nua atá ag teacht chun cinn.

Tá an foclóir nua i gcomharbas le Foclóir De Bhaldraithe, atá sa chúigiú cló agus ar foilsíodh don chéad uair é i 1959.

Baile Átha Cliath/ Cill Mhantáin

Cnocadóirí ag comóradh 10 mbliana ar an bhfód

Colm Ó Broin

TÁ an grúpa sléibhteoireachta Gaeilge, Na Cnocadóirí, ag súil le bliain ghnóthach in 2013.

Tá an grúpa ar an bhfód le deich mbliana anuas agus imeachtaí rialta á n-eagrú acu i rith na tréimhse.

“Bhí ana-chuid clubanna cno-cadóireachta ann ag an am ach ní raibh ceann a d’eagraigh rudaí trí mheán na Gaeilge,” arsa Seán Ó Fearghail, duine de bhunaitheoirí na gCnocadóirí.

“Deich mbliain ó shin thosaigh mé féin agus Rory McGinley ag caint faoi



Grúpa de na Cnocadóirí amuigh ag siúl.

imeachtaí cno-cadóireachta a eagrú do lucht na Gaeilge. Sin mar a thosaigh sé, rud neamhfhoirmiúil a bhí ann, bhí muid ag iarraidh dul amach agus rud éigin a dhéanamh nár bhain leis an nGaeilge i féin.”

Ní raibh ainm ag an ngrúpa ag an tús ach cuireadh bonn foirmiúil faoin ngrúpa in 2007. Baisteadh Na Cnocadóirí ar an mbaicle agus chláraigh siad le Sléibhteoireacht Éireann mar chlub.

Tá táille €50 in aghaidh na bliana ag an gclub, ach téann roinnt den airgead seo chuig Sléibhteoireacht Éireann, a chuireann árachas ar fáil do chlubanna na timpeall na tíre. Eisíonn siad treoir-línte ó thaobh sábháilteachta, cosaint chomhshaoil do na clubanna agus déanann siad stocaireacht maidir le cearta slí.

Tá 50 ball ag Na Cnocadóirí faoi láthair agus tá 150 duine eile a chláraigh d’fhógraí an ghrúpa ar www.nacnocadoiri.com.

“Mar sin tá isteach is amach ar 200 duine páirteach sa chlub ar bhealach amháin nó bealach eile,” arsa Ó Fearghail.

Tagann 15-20 duine ar na siúlóidí a bhíonn ar siúl dhá uair in aghaidh na míosa. Bíonn an chuid is mó acu i gCill Mhantáin agus bíonn gráid éagsúla ag baint leo. Bíonn gach ceathrú ceann ‘éasca’ agus an chuid is mó de na cinn eile ‘meánach’. Bheadh Binn Éadair nó Ceann Bhré rangaithe mar shiúlóidí éasca mar shampla agus bheadh Log na Coille ó Ghleann Mhaolúra rangaithe mar shiúlóid dheacair.

“Bíonn cinn eile againn, siúlóidí boga atá iontu, in áiteanna ar nós Pháirc an Fhionnuisce nó ar bhruacha na gcanálacha,” arsa Ó Fearghail.

Buaileann na cno-cadóirí le chéile ag ceannáras an ESB i gCearnóg Mhuirfean ag 10.30in ar an Domhnach, ach is féidir le daoine bualadh ag tús na siúlóide atá roghnaithe don lá sin.

Cuirtear na sonraí faoi na siúlóidí ar shuíomh idirlín an ghrúpa roimh ré.

Eagraíonn siad imeachtaí eile i rith na bliana freisin. Mar shampla bhí trí thuras deireadh seachtaine acu in 2012. Chuaigh siad go Leitir Fraic i gConamara ar Lá Fhéile Pádraig, chuaigh 17 acu chuig Sir Benfro (Pembrokeshire) sa Bhreatain Bheag i mí Bealtaine agus chuaigh 18 acu ag cno-cadóireacht i Sléibhte an Chomaraigh i bPort Láirge i mí Dheireadh Fómhair.

Tá imeachtaí eagraithe acu i gcomhar le cno-cadóirí Gaelacha eile chomh maith, ina measc, grúpa ó Ard Mhacha agus grúpa ó Ó Méith i gContae Lú.

Mar aon le sin tá roinnt turas seachtaine eagraithe acu thar lear le blianta beaga anuas.

Chuaigh siad chuig na Dolaimítigh sna hAlpa i 2009 agus chuaigh siad chuig áit eile sna hAlpa, an Jungfrau, i 2011.

“Bhí muid ag labhairt Gaeilge an t-am ar fad agus bhí daoine ag breathnú orainn ag iarraidh fáil amach cén teanga a bhí againn. Cheap roinnt daoine gur Eastóinis nó Liotuáinis a bhí ann. Is cuimhin liom triúr Gearmánach a d’fhiafraigh dinn cén chanúint Béarla

a bhí á labhairt againn, is cosúil gur chuala siad duine éigin ag rá focail nach raibh Gaeilge againn air, cable car nó rud mar sin, agus shíl siad gur Béarla a bhí á labhairt againn.

Dúirt muid leo gur teanga éagsúil a bhí ann ar ndóigh. Ní raibh a fhios ag an gcuid is mó de na daoine a chuir ceist orainn go raibh a leithéid de theanga ann.”

Baineann Na Cnocadóirí úsáid as léarscáileanna ‘Discovery’ a fhoilsíonn an tSuirbhéireacht Ordanáis, ar scála 1:50,000, cinn atá i mBéarla amháin.

Tá léarscáil Ghaeilge den tír ar scála 1:6,000 foilsithe ag an tSuirbhéireacht Ordanáis le déanaí ach níl sé i gceist acu faoi láthair sraith Discovery a aistriú go Gaeilge. Foilsíonn Suirbhéireacht Ordanáis na Breataine léarscáileanna ‘Landranger’ do cno-cadóirí in Albain le logainmneacha sléibhte, aibhneacha srl, i nGaeilge amháin.

“Ba bhreá linn dá mbeadh na léarscáileanna a úsáideann muid ar fáil i nGaeilge, caithim roinnt ama ag aistriú na logainmneacha atá ar na bealaí atá le déanamh againn ó logainm.ie agus leabhair logainmneacha, ach shábhálfadh sé go leor ama orm dá mbeadh na léarscáileanna ar fáil i nGaeilge,” arsa Ó Fearghail. Deir Ó Fearghail go bhfuil dhá bhu-naidhm ag an gclub, an Ghaeilge a chur chun cinn agus cno-cadóireachta a dhéanamh.

“Mar sin má tá spéis ag duine sa dá rud sin bainfidh siad sult as an gclub,” ar seisean. “Tugann sé deis do dhaoine an Ghaeilge a labhairt gan a bheith ag smaoineamh air, má tá tú ag siúl linn ní féidir leat a bheith ag smaoineamh ar mhórán eile seachas an sliabh nó an portach os do chomhair.”

“Ach tá gné shóisialta leis an gclub chomh maith, idir dhinnéar na Nollag, an cruinniú cinn bhliana agus na BBQanna a eagraíonn muid i rith na bliana.”

Beidh an chéad shiúlóid ar bun ag Na Cnocadóirí ar 13 Eanáir. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.nacnocadoiri.com nó ó Sheán Ó Fearghail ar 087 2217800.



Tánaiste Eamon Gilmore, An Taoiseach Enda Kenny agus an tAire Stáit ar chúrsaí Eopach Lucinda Creighton, in éineacht le daltaí scoile as Methodist College Béal Feirste ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an Luain.

GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND

MUMHAIN
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Scéalta Chorca
Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Gradaim
Chonradh na
Gaeilge

BHÍ oíche fhiorthaithneamhach i dtábhairne Uí Chatháin ar an mBuailtín ar an Aoine an 21ú Nollaig. Seo ócáid a eagraigh baill áitiúil de Chonradh na Gaolainne agus más fíor bhí oíche go maidin ann. Bhí amhráin, ceol agus dánta á n-aithris agus bronnadh raidhse Gradam. Seo iad na daoine gur bronnadh gradaim orthu:

Louise Ní Mhuirheartaigh, An Réalt Caide naisiúnta ó Ard na Caithe ar fhoireann sinsir caide Ban Chiarraí na bliana seo. Sárímreoir liathróid láimhe, scoláire agus duine des na tosaigh sinsir caide is cruinne lascadh ar chaid sa tír le scór a aimsiú.

Louis Ó Maolchatha as a ionchur in eacnamaíocht na háite le blianta fada ina mhonarcha, ‘Potadóireacht na Caolóige’, ar an nGráig agus a chinntigh gur Gaolainn a bheadh ar láthair na hoibre. File agus bunaitheoir, ‘An Fhéile Bheag Filíochta’, atá anois ina Fhéile ‘mhór’ filíochta.

Simón Ó Faoláin as bunú ‘Aos Cró’, ina mbíonn duine nó beirt fhile ag aithris a gcuid filíochta gach mí i dtábhairne Uí Chatháin ar an mBuailtín agus iad ag cur misnigh orthu siúd a bhíonn ag tosnú nó ag lorg treoir nó daoine a thagann le bheith ag éisteacht nó go mbíonn dán cumtha acu le haithris. Bíonn scríbhneoirí próis ar an láthair uaireanta.

Máire Ní Chinnéide as a dúthracht agus a dícheall i gcur chun na hamhránaíochta sa cheantar. Eagraíonn Máire seisiúin amhránaíochta sa cheantar beagnach gach mí lena chinntiú go mbainfidh daoine sásamh as a bheith ag amhrán nó ag éisteacht le amhráin agus ag foghlaim uatha siúd atá aitheanta. Beidh ‘mórseisiún amhránaíochta’, i dtigh Bhric anocht 2ú Eanáir eagrúithe ag Máire. Seo bean a dúradh atá i mbun na hoibre seo ní ar shon airgid ach ar shon chaomhnú agus neartú ár dtraidisiúin amhránaíochta.

Daryl Broe, An Bleá Cliathach Gaelach a tháinig go Gaeltacht Chorca Dhuibhne blianta ó shin agus atá coitianta gníomhach in iothlaine an chultúir a dúradh agus a bhunaigh páráid Lá Le



Baill ó chlubbanna Óg-Ógras Thrá Lí, ón Oileán Chiarraí agus ó Bhaile Uí Thaidhg i dTrá Lí a bhailigh le chéile roimh an Nollaig. Buaileann páistí óga (8-12 bliana d'aois) le chéile sa chlub gach Aoine le sult a bhaint as imeachtaí i nGaeilge.

Pádraig ar an mBuailtín, cumann scan-nánaíochta agus áis chraolta teilifíse áitiúil, ‘Scrogall’. ‘Deinim na rudai seo mar go mbainim taithneamh astu,’ arsa Dary. Tomás Mac Gearailt, ón mBóthar Buí, Cathaoirleach Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. a dúradh atá ina chathaoirleach éifeachtach tuisceanach le triocha bliain ar bhonn deonach. Fear nár shantaigh riamh moladh, ach a bhí coitianta ar chonair dhearfa chiallmhar.

Ben Ó Loinsigh as a dhúthracht in ealaín na hamhránaíochta le blianta fada. Fear a dúradh, nár eitigh aon duine riamh ná aon ócáid ar amhrán. Níor iarr pingin as a shaothar ach a fhiafraí ‘cén áit agus cén t-am.’

Máire Uí Shíthigh ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne as a héirim, agus dúthracht i gcur an chultúir chun cinn ins gach póirse sa cheantar. Sna focail mholta eile dúradh go raibh sé deacair a thuiscint conas a fhéadfadh aon duine oiread a chur i gcrích ar fhaiche an chultúir, teanga, ealaíon agus atá á dhéanamh ag Máire coitianta.

Áine Moynihan atá lonnaithe lena céile Feargal agus a gclann i nDún Chaoin le blianta, as bhúnú ‘An Lab’ nó amhar-clann, sa Mhainistir sa Daingean agus a héifeacht i saol na n-ealaíon ag forbairt agus ag múineadh cheard na drámaíochta agus ag stáisiú drámaí agus ag

léiriú siamsaíochta tré mheán na Gaolainne ann.

Bhí Pádraig mac Fhearghusa, Iar-Uachtarán Chonradh na Gaolainne, tagtha go príomha le moladh agus bronnadh a dhéanamh ar Phádraig Ó Mathúna, fear a dúirt sé ‘go bhfuil aitheantas domhanda aige mar ghabha geal, airgid, agus óir, ach thar aon ní eile atá coitianta an-ghníomhach i gcosaint chearta mhuintir na Gaeltachta agus na Gaolainne. Staráí cumasach agus fear go bhfuil eolas aige atá dosháraithe’.

Bronnadh gradam ar Shéamus Ruiséal, Ard Barra, Corcaigh, as a chion mór oibre i gCorcaigh agus i gCorca Dhuibhne ar shon na Gaolainne agus an chultúir Ghaelaigh le blianta fada. Is ar bhonn deonach agus ar shon slánú na teangan go praiticiúil a dhein Séamus na gnímh, mar eagrú Choláistí Samhraidh agus thar aon ní eile reáchtáil Áras do phobal na Gaeilge sa Mhárdióg i gCorcaigh ar feadh blianta fada agus a bheith gníomhach le peann agus in agóidí aon uair a bhí éagóir á dhéanamh ar shaol na Gaolainne.

Tugadh moladh do bhuachaill óg, Antaine Ó Sé ó Ard na Caithe a bhuaigh an comórtas scéalaíochta fé 12 bliain d’aois ag Oireachtas na Gaeilge i Leitir Ceanainn, cé ná fuil sé ach seacht mbliana. Aontaíodh ócáid mar seo a eagrú gach Nollaig feasta.

Caid

BHÍ slua breá i láthair ag Cruinniú Bliantúil Chumann Caide na Gaeltachta ar an Satharn seo caite ina gclubthigh i nGallárus. Sé Conall Mac Gearailt ó Mhárthain an Cathaoirleach nua agus sé Malacaí Mac Amhlaoigh ó Dhún Chaoin an tOifigeach Caidrimh Phoiblí nua. Sé Dáithí de Mórdha, ó Dhún Chaoin, an Rúnaí agus Roibeard Mac Gearailt, ó Chill Maolcéadair rúnaí socraithe cluichí. JJ Ó Corduibh ó Bhaile an Fhiadhnaigh an Clárathóir nua agus Pádraig Ó Laoithe ó Leataoibh Beag agus Donncha Ó Céilleachair ó Dhún Chaoin, na Cisteoirí. Siad na teachtaí go dtí Bord Chorca Dhuibhne ná, Pádraig Ó Gealbháin ó Leataoibh Beag agus Tomás Ó Muircheartaigh ós na Gorta Dubha. Mícheál ó Grífin, Baile na Náth an teachta go dtí Bord CLG an Chontae. Tá Pól Ó Cuinn ó Cheann Trá, ceapaithe ina thraenálaí ar fhoireann na sinsear agus ina roghnóir mar aon le Seán B Ó Conchúir ó Bhaile na nGall agus Diarmaid Ó Beaglaoi ó Bhaile an Mhúraigh.

I gcás rognú imreoirí agus pearsa na bliana cuireann an bhainistíocht liosta ar fáil agus roghnaíonn na himreoirí, imreoirí na bliana agus pearsa na bliana. Ba iad san Eoin Mac Gearailt, Imreoir Sinsir na Bliana, (bhí sé ina Imreoir Sóisir na bliana anuiridh), An Bóthar Buí, sé

Tomás Ó Conchúir ó Bhaile an Chnocáin Imreoir Sóisir na bliana ná, agus sé Éanna Ó Conchúir, ó Bhaile na nGall Imreoir Óg na bliana. Sí Fíona Ní Ghearralt ó Mhárthain Oifigeach na leanaí; Fionán Ó hÓgáin, Baile na Rátha, bainisteoir an fhoireann fé 14 bliain agus Muiris Breathnach, ó Bhaile na bhFinniúrach, bainisteoir an fhoireann fé 16 bliain, agus Liam Ó Rócaín ón nGurrán agus Bhaile Móir, bainisteoir na mionúr (18 bliain), Muiris Ó Fiannachta, Baile an Chóta, bainisteoir na sinsear agus sé Séamus Ó Conchúir ó Bhaile an Chnocáin agus na Grafaí Pearsa na Bliana.

Scéalta Mhúscraí

Concubhar Ó Liatháin

Athchóiriú bótha

AG deireadh mhí na Samhna cuireadh bailchríoch ar dhromchla nua ar an N22, an príomhbhóthar go Gaeltacht Mhúscraí. De réir litir a sheol an tÚdarás um Bóithre Naisiúnta chuig áitritheoirí ar thaobh an bhóthair, tá sé tugtha faoi ndeara nach bhfuil an dromchla atá curtha ar an mbóthar sásúil. Tuigtear gurb amhlaidh go bhfanann sioc ar an ndromchla níos faide fiú agus salann curtha ar an dromchla ná mar is ceart. Ghlac sé suas le dhá mhí an obair a dhéanamh sa chéad dul síos agus bhí an bóthar dúnta ar feadh mí na Samhna ar fad nach mór. Ní fios cé bheidh freagrach íoc as an obair seo agus níl aon dáta tugtha go fóill ar cén uair a thosnóidh sé. Is cinnte go gcuirfeadh oibreacha nua isteach go mór ar an dtrácht ar an bpríomhbhóthar ó Chorcaigh go Trá Lí agus bóthar atá mar chuid de “Euro-Route” a shíneann ó Vladivostok sa Rúis go cósta thiar na tíre seo.

Rinneadh teagmháil leis an Údarás um Bóithre Naisiúnta le ráiteas a lorg ar an gceist seo ach ní raibh aon fhreagra ón urlabhraí roimh dhul i gcló.

Cuireadh chun
ceoil

TÁ barr snáis á chur faoi láthair ar na hullmhúcháin don choir cheoil ag a roghnófar buaiteoirí Bhoinn Sheáin Uí Riada, ceann de na príomhchomórtais do cheoltóirí traidisiúnta.

Comórtaí ar leith é an Bonn Óir atá á reáchtáil faoi choimirce Chuireadh Chun Ceoil, an clár atá Peadar Ó Riada, eagraí an chomórtais, ag cur i láthair ar RTE Raidió na Gaeltachta gach Aoine.

Tugtar deis do cheoltóirí ó áit ar bith ar fuaid an domhain fuaimrianta a uaslódáil ar shuíomh an chláir agus tugtar uimhir do gach fuaimrian. Seoltar dlúthdhioscaí le na fuaimrianta ar fad chuig na moltóirí agus roghnaíonn siad an cúigear deag ceoltóir is fear leo.

Roghnaítear uirlis éagsúil gach bliain. Ba í an fhidil an chéad uirlis a roghnaíodh agus anuraidh ba iad an fheadóg stáin agus an fheadóg mhór na huirlisí. I mbliana, áfach, don chéad uair, bronnfar dhá bhonn óir mar tá dhá uirlis iomlán éagsúil i gceist, an cláirseach agus an phib.

Craolfar an choir cheoil beo ar RTE Raidió na Gaeltachta. Tugann Iontaobhas Fodhla, Gael-Linn, RTE RnaG agus GaelTaca tacaíocht don chomórtaí.



Páistí réamhscoile atá ag freastal ar Naíonra Dhún Chaoháin le bronntanais na Nollag in éineacht leis na Stiúrthóirí Caitlín Uí Mhuineacháin agus Sorcha de Búrca. (PIC: UINSÍONN MAC GRAITH)

ULAI DH
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Aontroim Tiomna Nua Gaeilge le seoladh

BEIDH ócáidí seolta do leagan nua Gaeilge den Tiomna Nua ar siúl i mBéal Feirste agus in Ard Mhacha an mhí seo.

“Leagan soléite, soláimhsithe den Tiomna Nua atá ann,” arsa Frainc Mac Brádaigh ó Fhoilseacháin Ábhar Spioradálta.

Tá an leagan nua tógtha ón mBíobla Naofa, nó Bíobla Mhaigh Nuad mar a ghlaotar air, a d’aistrigh Pádraig Ó Fiannachta ó Eabhrais agus Shean-Ghréigis agus a foilsíodh don chéad uair in 1981.

Tá dhá eagrán den Bhíobla sin ar fáil, ceann le cló beag agus ceann le cló mór. De réir Fhoilseacháin Ábhar Spioradálta beidh an leagan nua den Tiomna Nua níos éasca le léamh agus le láimhsiú.

Mar aon leis an tiomna nua tá sailm ón Sean-Tiomna ann chomh maith.

Bhí na foilsitheoirí ag obair ar an leabhar le bliain anuas agus fuair siad deontas ó Fhoras na Gaeilge chun é a chur i gcló.

Is é Ciarán Ó Coigligh a chuir an leagan nua, An Tiomna Nua agus Leabhar na Salm, in eagar.

Bhí ócáid sheolta don leagan nua i mBaile Átha Cliath an mhí seo caite

agus beidh ceann sa Chultúrlann i mBéal Feirste seachtain ó amárach (10 Eanáir) ag 7.00in. Beidh ócáid eile i Leabharlann Uí Fhiaich in Ard Mhacha ar 29 Eanáir ag 7.30in.

Tá leagan Gaeilge den Tiomna Nua i gcló ag Eaglais na hÉireann ó bhí 1970, leagan a d’aistrigh an tOirmhin-neach Cosslett Ó Cuinn.

Bhí sé i gceist ag an Ionad Cultúrtha Ioslamaigh i gCluain Sceaux an Córan a aistriú go Gaeilge, ach níor éirigh leo teacht ar dhuine éigin a bheadh in ann é a aistriú ó Araibis go Gaeilge go fóill.

Gaoth Dobhair Cor úr ar scéal Bhóthar na Trá

Anton Mac Cába

TÁ cor úr san aighneas pleanála is fíochmhaire dá raibh riamh i nGaeltacht Dhún na nGall. Tá an chonspóid anois ar siúl le 15 bliain.

Rialaigh an Chomhairle Contae go raibh iarratas ó Liam Gillespie neamhiomlán. Baineann an t-iarratas seo le hathrú úsaide ó ionad siopadóireachta go bialann ag Bóthar na Trá, Gaoth Dobhair.

Baineann cuid den iarratas le foirgneamh atá leathcríochnaithe.

Ba é Liam Mac Giolla Easpaig a chuir isteach ar chead pleanála don suíomh i 1998. Dhiúltaigh an Chomhairle Contae dó. An bhliain dar gcionn, thug An Bord Pleanála cead dó lárionad siopadóireachta agus stáisiún peitрил - agus cead do Mhac Giolla Easpaig Bóthar na Trá a aistriú. Déanann an bóthar freastal ar 36 teach, an trá, agus Ostán Gaoth Dobhair.

Ba líne i meamram sa chomhad pleanála a thug cead. Scríobhann innealtóir gur gá an bóthar a bhogadh “le go mbeadh línte radhairc ag feithicil a bheadh ag tiontú ó dheas.”

Is deartháir céile é Mac Giolla Easpaig leis an fheisire Eorpach Pat ‘The Cope’ Gallagher. Tá sé anois 70 bliain d’aois. De réir dhoiciméidí a comhadaíodh san Oifig um Chlárú Cuideachtaí tá sé ina stiúrthóir ar chomhlacht amháin, Bunbeg Construction, faoin ainm Liam Gillespie. Bhíodh sé ina stiúrthóir ar chúig chomhlacht eile, ach tá siad scaoilte.



Chun tosaigh tá Conor Byrne, stiúrthóir Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy, Edel Ní Chuireáin, Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta a rinne an seoladh, Ann, Maireád, Nia, Róise agus Anna Ní Mhaonaigh. Ar cúl: Gearóid Ó Maonaigh, Dinny McGinley, Aire Stáit na Gaeltachta, Séamus Mac Ruairí, Pearse Doherty (TD), agus Séamus Mac Géidigh, Bainisteoir Reigiúnach RTÉ Raidió na Gaeltachta. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Ceann Chloich Cheann Fhaola Seomra Nua do Ghort a' Choirce

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Contae Dhún na nGall cead do Scoil Náisiúnta Ghort a' Choirce seomra nua ranga a thógáil. Tugadh cead don scoil, leis, portacab-in a athlonnú agus ceann eile a thabhairt amach.

Tá 70 páiste agus triúr múinteoir ar an scoil. Tógadh i 1929 é.

Dúirt an tAthair Seán Ó Gallchóir, ball den Bhord Bainistíochta, go raibh scoil nua de dhíth. Fuarthas suíomh nua tamall de bhlianta ó shin. Dhiúltaigh an Chomhairle Contae cead pleanála, ar an bhonn go raibh conúirt ann leis an trácht.

“Ní raibh suíomh eile fán áit,” arsa an tAthair Ó Gallchóir. Leis, thosaigh an meathlú agus bhí ciorruithe ar bhuiséad na Roinne Oideachais. “Tá scoil úrnua de dhíth, nílimid le sin a fháil an dóigh a bhfuil sé,” arsa an tAthair Ó Gallchóir. “Níl rud ar bith ach an scoil a uasghrádú, mar a déarfá.”

Tá súil go dtosóidh an obair go measartha luath.

An tlúr Tús maith - leath na hoibre

TÁ eochracha Ghaeláras Mhic Ardghail le bheith i seilbh Chraobh an Iúir de Chomhaltas Uladh i lár Eanáir 2013. Tá bliain caite anois ag na tógálaithe agus iad i mbun oibre ar an suíomh ag ‘Cnocán Phádraig Naofa’, Sráid an tSeipéil.

Is fada Gaeil an Iúir ag fanacht ar

ionad dá gcuid féin agus tá Gaeilgeoirí Oiriaila ar fad ag dréim go mór le cuairt a thabhairt ar an áit.

Is le cúnamh airgid ón Chiste Infheistíochta Gaeilge, Chomhairle an Iúir agus Mhúrn, Chomhaltas Uladh, agus ó Chraobh an Iúir féin a tógadh Gaeláras Mhic Ardghail.

Cuirfear tús leis na himeachtaí ag Gaeláras Mhic Ardghail le taispeántas dátheangach ar Luathbhlianta na dTrioblóidí ar an Iúr.

Osclofar an taispeántas ar 25 Eanáir agus leanfar leis ar feadh coicise.

Seo an ceathrú taispeántas a bhí eagraithe ag an Chraobh le bliain anuas agus bhí na cinn eile bunaithe ar théamaí oidhreachta éagsúla: An tIúr le linn an Dara Chogadh Domhan-d, Teachtaireachti mBuidéal, agus Comóradh ar Cholaiste Bhríde Ó Méith. Ba le tacaíochtón Heritage Lottery Fund a cuireadh na taispeántais spéisíúla seo ar fáil.

Arsa Anita Gallagher, Oifigeach Forbartha Oidhreachta (HLF) na Craoibhe, agus í ag tagairt don taispeántas nua:

“Tá muid ag dúil le scaifte a bheith ag teacht chuig an Ghaeláras i rith na míosa seo mar beidh ábhair bholascaireachta, póstaear, pictiúir agus eile le feiscint ann a chuireann lenár dtuisicint ar ról an Iúir sna luath-Thrioblóidí.

Beidh bearnaí ann gan dabht ach tá an-iarracht déanta againn peirspictíochtaídifriúla a chlúdach. Beidh deis ag daoine, ar mian leo, cur leis an taispeántas lena gcuid cáipéisíféin. I measc na n-ábhar atá againn cheana tá leabhair ghearrthóg ó na 1970í a chuir clann Uí Fhagáin le chéile; sleamhnáin de rogha de na grianghraif a ghlac Séan Hillen, ealaíontóir ón Iúr, sna 1980í; fadcheirnínípolaitiúla ó na traidisiúin éagsúla; agus cártaí Nollag ó na príosiúin a bhailigh Breandán Ó Curráin. Is é sainghnó Chomhaltas Uladh ar ndóigh ná an Ghaeilge a theagasc agus bogfaidh ranganna Gaeilge

de chuid na Craoibhe ón Chlub Gatewaygo dtí an Gaeláras úrthógtha ar 14 Eanáir 2013 - tús iontach dearfach agus comhartha dóchais go deimhin do BHLIAIN NA GAELIGE.”

Deisceart Thír Chonaill Ionad Pobail nua beartaithe don Ghleann

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Contae Dhún na nGall cead le sean-mhonarcha ag an Chaiseal, Gleann Cholm Cille, a athrú ina ionad pobail agus taispeántais. Ba do Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille a tugadh an cead.

Dheimhnigh staidéar féidearthachta a rinne an Chomhairle Paróiste go raibh gá sa cheantar le foirgneamh a bheadh ina chlub óige. Níl a leithéidí ann, agus is gá an mhuintir óg a thabhairt i mbus chuig ceantar eile gach seachtain. Agus ionad pobail ann, bheadh club óige lonnaithe ann.

Dúirt Feardorcha Ó hAirdí, Cathaoirleach an Chomhairle Paróiste, go raibh gá le háit mar a dtiocfadh le páistí scoile dul cúpla oíche sa tseachtain. Bheadh siad ábalta peil a imirt ann, agus tá súil aige go mbeadh leabharlann agus cúpla áis eile ann. “Níl suim ag achán duine sa spórt,” ar seisean. Tá dhá chuid leis an tsean-mhonarcha. Sa dara cuid, beidh taispeántas de thraidisiún fídléireachta an cheantair, agus de cheardaíocht thraidisiúnta na háite.

Tá an mhonarcha anois druidte le scór bliain, nó níos mó. Tráth nuair a bhí sé i mbarr a réime mar mhonarcha fíodóireachta, níos mó ná dhá scór bliain ó shin, bhíodh thart ar 30 ag obair ann.



Ceoltóirí ag seinm i dTeach Hiudaí beag le linn Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i nGaoth Dobhair. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Diabhalscéal



Lth. 3:

Suim léirithe ag Virgin Atlantic sa tseirbhís aerthaistil go hÁrainn. "Níl muidne ag dul ar phlane nach bhfuil sásta a dhul an bealach ar fad," a deir fear as Inis Oírr.

Lth. 22:

Nochtann Gerry Adams cé a scaoil le JFK

DEARGOIBRITHE! Le Seathrún Hack



Ó chlé: Kathleen Lynch, Brendan Howlin, Pat Rabbitte, Éamon, An Giolla Mór, Joe Costello, Joan Burton, Ruairí Quinn agus Emmet Stagg.

RAIC IS RINCE

Agus na páipéir stáit foilsithe, tuigtear go raibh sé ina raic idir Roinn an Taoisigh agus Roinn na Gaeltachta maidir le teachtaireacht comgháirdis a chur chuig Séamusín Devaney ar bhreith a mhic i 1982. Cuireadh comhairle ar an Taoiseach, Charles Haughey, nach mbeadh sé cóir teachtaireacht a chur toisc nach ceannaire stáit a bhí in Devaney. Tar éis réabhlóid i gConamara faoin eachtra, sheas an Roinn Gnóthaí Eachtracha sa bhearna agus cuireadh bróga damhsa agus bosca Roses chuig muintir Devaney.

CACADAMH

Dúirt urlabhraí thar ceann An Chacadaimh i nGaoth Dobhair go bhfuil siad sin chun formhór an deontais milliún Euro a cheadaigh Dinny Aireach a fháil. Tuigtear go ngabh-faith formhór na spondoolies ar chóipeanna do Now You're Talking do na mic léinn atá ar bheagán Gaeilge. "Tá siad *on to us*, so caithfidh muid an Ghaeilge a shá síos scornach s'acu go gasta," a dúirt an t-urlabhraí.

PIARAS Ó DOCHARTAIGH I nGEAMAIREACHT NA DÁLA, ROBIN HOOD

"Bainim ó lucht an rachmais agus tugaim do na boicht!"

I scúpscéal eisiach, nochtann *Diabhalscéal* gur chruinnigh baill de pháirtí An Lucht Oibre i nDingly-Dangly-Duais le dhul ar an Dreoilín chun airgead a bhailiú dóibh féin. Tuigtear gur tháinig an Páirtí Parlaiminte ar an gcinneadh roimh shos na Nollag mar chuid dá stráitéis chun na boinn a thabhairt leo as an gComhrialtas. Agus iad gléasta mar 'Honey Monsters', shníodar isteach sa Goat St. Wren ach ní fada gur beireadh orthu. "Bhí dóchas againn ar dtús nuair a

chonaiceamar go raibh deichniúr le cultacha dearga orthu ag iarraidh tacú linne," a dúirt Captaen an Goat Street. "Ach ní fada gur aithníomar na comharthaí: ní raibh ach aon phort amháin acu ag dul timpeall an bhaile, agus nuair a thosaíodar ag tarraingt na gcos ina ndiaidh bhí a fhios againn ansin gur lucht Labour a bhí iontu." Tuigtear gur chuir an Goat St. an ruaig orthu agus theith na Honey Monsters lena gcuid airgid. Bhí ball den Green and Gold Wren, Feadóg

Ó Flatharta, i dTigh Gheaney nuair a chuala sé faoin eachtra. "Bhíos ag míniú do thurasóir an nasc idir chloigeann féir an Dreoilín is an balaclava nuair a chuala go raibh Gilmore is na boys i bhfolach áit éigin ar an mbaile. Tháinig na Dreoilíní ar fad suas leo ag an Snack Wagon agus chuireamar an ruaig orthu amach as an mbaile." Nuair a shroich na Honey Monsters Trá Lí, d'iarr siad cabhair ar Dick Spring ach is cosúil gur dhún sé an doras orthu.

Is sciúirdturas é sin timpeall
na scéalta is mó atá le teacht sa
domhan teicneolaíochta, ach is
féidir bheith cinnte go mbeidh
neart eile chomh maith. Idir
shlite nua le coimeád i
dteagmháil lena chéile,
shaghasanna nua
siamsaíochta, agus slite nua le
ham a chur go hiomlán amú, tá
neart le bheith ag súil leis. Agus
mar is gnách, is féidir léamh
faoi ar fad anseo i nGaelscéal.

Ag cosaint na gCanúintí



Gaoth Dobhair : “Eadar sliabh agus cladach, ó Iorras go Málainn Mhóir, atá Gaeltacht Thír Chonaill, mar bheadh sí ag caismirt le fiántas na Farraige Móire”, Seosamh Mac Grianna

“Lughaidh” Cheveau

I dtús báire, ba mhaith liom stíl P. P. Höglund a mholadh, gomh maith lena shamhlaíocht nó is maith liom a chuid téacsann a léamh agus cha bheinnsa ábalta scríobh gomh maith leis, ná scéaltaí a chumadh ach an oiread.

Maidir leis an rogha a rinn sé, mar atá, Gaeilg Ghaeltacht Thír Chonaill a chur ar leataobh agus an Ghaeilg chaighdeánach a dh’úsáid ina chuid scríbhneoireachta, chan aontaimsa féin leis.

Deir sé go mbíodh díomá air, amannaí, ag léamh téacsannaí scríofa i nGaeilg Uladh, ó tharla nach rabh stíl maith go leor le fáilt iontu, go rabh Béarlachas iontu agus mar sin dó. Cinnte, caithfidh go bhfuil cupla scríbhneoir nó cupla iriseoir nach bhfuil stíl mhaith acu in Ultaibh. An ionann sin is a ráidht nach dtig scríobh i nGaeilg Ultach mhaith ? Chan ionann.

Char thuig mé cad chuighe nár thagh P. P. Höglund leanstan do bheith ag scríobh i gcanúint ineacht (i nGaeilg Uladh ins an chás sin), ag tógáilt cora cainte nó focla ó chanúintí eile nuair ba mhaith leis, mar a rinn Máirtín Ó Cadhain, údar a luaigh sé ina alt.

Sílim go bhfuil sé tábhachtach na canúintí Gaeltachta a dh’úsáid agus a chur chun cinn an oiread agus is féidir. Cad chuighe ? As siocair go bhfuil Gaeilg na Gaeltachta i gcon-túirt : ar an iomlán cha dtéid uimhir na nGaeilgeoirí i méad ins na ceantracha Gaeltachta. Tá a fhios agam nach í Gaeilg na háite a theagascar ins na scoltacha, ins na ceantracha Gaeltachta féin. Is é an Caighdeán a theagascar ansin. Ins an Ghaeltacht, síleann cuid do na páistí agus cuid do na daoíní fásta nach labhrann siad an Ghaeilg cheart, nó síleann siad go labhrann siad ‘Sean-Ghaeilg’, ó tharla nach í a nGaeilg féin a theagascar sna scoltacha, ach an Caighdeán. Chualaidh mé féin cailín óg, i nGaeltacht Thír Chonaill, ag ráidht gur deacair léithe na rangannaí Gaeilge ar scoil. Ach bhí Gaeilg bhreá aici ó dhúchas ! Ach chan í an Ghaeilg sin a bhí orthaí a fhoghlaim ná a scríobh ins na scríúdaíocha srl.

Ins an Ghaeltacht, tá daoíní ann atá bródúil agus a bhfuil a fhios acu go bhfuil a gcuid Gaeilge gomh maith céarna (nó níos fearr féin) ná an Ghaeilg chaighdeánach. Ach ar an drochuair tá daoíní ann fosta nach bhfuil bród orthu as a gcanúint agus a shíleas go bhfuil an Caighdeán níos fearr agus nach

bhfuil mórán maithe ina gcanúint féin, ó tharla nach dteagascar agus nach scríobhtar in áit ar bith í. Agus goidé a tharlóchas mar sin, dar leat ? Do réir a chéile, stadfaidh siad do bheith ag labhairt Gaeilge lena bpáistí, as siocair go gcreidfídh siad go mb’fhearr dona bpáistí Gaeilg chaighdeánach a dh’fhoghlaim ar scoil, ná Gaeilg neamhchaighdeánach a dh’fhoghlaim ar chor ar bith. Go háirid má fhaghann siad drochmharcannaí ins na scríúdaíocha nuair a úsáideas siad leaganacha neamhchaighdeánacha.

Tá aithne agam fosta ar chupla cainteoir Gaeltachta nach mbíonn a fhios acu, go minic, goidé mar ba chóir focla áirid a scríobh – sin focla nach dteagascar ar scoil ach a úsáidtear ach an lá ina gceantar. Bíonn orthu leiriú a chumadh iad féin. Goidé an mhaith atá i dteagasc na Gaeilge ins na scoltacha sa Gaeltacht muna dteagascar do na cainteoirí dúchais a gcuid focal a scríobh ? Goidé an mhaith an Ghaeilg a theagasc ar chor ar bith muna dtabhairtear aitheantas ar bith do theangaidh na gcainteoirí dúchais, iad sin a choinnigh an teangaidh bheo go dtí an lá inniu ? Munach muintir na Gaeltachta, bheadh an Ghaeilg marbh le fada. Is í teangaidh na Gaeltachta tean-

gaidh dhúchasach na hÉireann, chan í an Caighdeán Oifigiúil í, a cumadh in oifigí i mBaile Átha Cliath thart fá thrí fichid bliain ó shoin.

Is é mo bharúil gur chóir an chanúint áitiúil a theagasc in achán cheantar Ghaeltachta. Ba chóir do na foilsitheoirí leabharthaí a dh’fhoilsiú má tá na lámhscríbhinní scríofa i gcanúint ineacht, gan í a chaighdeánú. Má bhíonn cupla focal « ró-áitiúil » ó am go chéile, is furast nóta a scríobh ar bhun an leathanaigh lena gciall a mhíniú.

Muna bhfeictear na canúintí scríofa in áit ar bith, muna dtabhairtear aitheantas ar bith daofa, sílfidh na cainteoirí dúchais nach bhfuil maith ar bith ina gcanúintí agus is dócha go bhfuigfidh siad a dteangaidh do réir a chéile.

Le firinne, chan gá an CO a dh’úsáid in achán leabhar, achán téacs, achán phéipeár nuaíochta, achán leabhar scoile srl. Roimhe na 50dí, bhíodh trí leagan do na leabharthaí scoile : leagan do dh’Ultaibh, leagan eile do Chonnachta agus leagan eile do Mhumhain.

Inniu chan gá teangaidh chaighdeánach a dh’úsáid ach amháin fá choinne téacsannaí áirid a léighfeadh achán Éireannach, mar shompla doiciméid ón Rialtas

srl.

Fá choinne achán rud eile, mar atá, an chuid is mó dá bhfuil scríofa, tá mé ag meas gur chóir na canúintí a dh’úsáid an oiread agus is féidir, le teipeáint do mhuintir na Gaeltachta go bhfuil a dteangaidh luachmhar agus go gcaithfidh siad bheith bródúil aisti.

I dtíorthaí éagsúla, caithfear teangaidh chaighdeánach a dh’úsáid, i gcásannaí áirid, má tá barraíocht duifreacha eadar na canúintí agus nuair nach bhfuil na daoíní ábalta a chéile a thuigbheáil. Ach ní gá sin in Éirinn, nó cluintear achán lá ar Raidió na Gaeltachta go bhfuil cainteoirí achán cheantair breá ábalta a chéile a thuigbheáil agus iad uilig ag baint feidhme as a gcanúint féin...

Más mó a chuirfear canúintí na Gaeltachta chun cinn agus más mó a bhéarfar aitheantas daofa, más fuide a mhairfeas teangaidh dhúchasach na hÉireann.

Scríobhadh an t-alt seo mar fhreagra ar alt a scríobh Panu Petheri Höglund dar teideal ‘Mise, Gaeilge Uladh, agus an Caighdeán, nó: Triantán Grá na Gaeilge’ a foilsíodh in Gaelscéal 21 Samhain 2012 agus atá ar fáil le léamh i gcónaí ar www.gaelsceal.ie

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra



Bliain, leabhair agus scríbhneoirí nua

TÁ 2013 buailte linn anois agus leis an mbliain nua tiocfaidh leabhair, scríbhneoirí agus léitheoirí úra, rud a thugann ardú croí dom. Tá an oiread sin ag athrú sa saol litríochta, ní hamháin in Éirinn ach ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain, go bhfuil sé deacair coinneáil suas leis go léir.

Tá rudaí ag athrú go tapa agus is minic a fheicim daoine ag léamh leabhar ar ghléasanna leictreonacha cosúil le *kindle* nó *ebook reader* na laethanta seo, iad ag cur muiníne sa teicneolaíocht nua-aimseartha agus ag fágáil slán, ar bhealach, leis na seanleabhair thraidisiúnta.

Caithfidh mé a rá nach bhfuil ceann de na gléasanna sin faighte agam féin, go fóill ar aon nós. Tá rud éigin speisialta faoi leabhar a roghnú ón tseilf agus na leathanaigh a chasadh ceann ar cheann go dtí go bhfuil gach focal léite agat. Ach i ndeireadh an lae, bhí an argóint chéanna ann ar son na ndlúthdhioscaí agus anois is mó daoine a chéannaíonn a gcuid ceoil ar an idirlíon ná ó siopaí ceoil.

Tá cónaí orm i Norwich, cathair atá suite ar chósta oirthuaisceart Shasana, le cúpla mí anuas. Ainmníodh Norwich mar Chathair Litríochta de chuid UNESCO le déanaí, agus mar sin tá an-iarraíocht a dhéanamh chun an litríocht a chur chun cinn san áit.

Maítear go bhfuil cónaí ar an-chuid scríbhneoirí sa chathair sin ar aon nós, ach anois is iomaí imeacht atá á reáchtáil mar gheall ar stádas nua na cathrach.

Is breá an rud é seo agus is cinnte go gcuireann sé go mór le hatmaisféar na háite agus cuireann sé béim ar an tábhacht agus suntas a bhaineann le litríocht de gach cineál. Tá leabharlann álainn darb ainm an Millenium Library suite i gceartlár na cathrach, laistigh d'fhoirgneamh galánta, nó The Forum mar is fearr aithne air.

Nuair a shíúil mé isteach sa leabharlann don chéad uair bhí sé deacair a chreidiúint gur leabharlann a bhí ann mar go raibh sé chomh hálainn sin agus mar go raibh an oiread sin spáis agus beochta san áit.

Téim an rud é minic - chun leabhair a léamh nó le bheith ag scríobh - agus is féidir uaireanta an chloig a chaitheamh ann gan éinne ag cur isteach ort nó ag iarraidh ort rudaí a cheannach nó fiú ag iarraidh caint leat.

Mar, go minic, sin atá uainn - áit le bheith inár n-aonar, áit ina mbeimid in ann ciúnas agus spás dár gcuid féin a chruthú, ach fós a bheith amach as an teach nó imithe ón obair.

Is iontach an áis é agus tá an t-ádh liom go bhfuil leabharlann den chaighdeán sin chomh gar dom. I mbliana, ba mhaith liom dá mbeadh tuilleadh béime á cur ar leabharlanna in Éirinn.

Is cuimhin liom cúpla bliain ó shin go raibh mé ag reáchtáil cheardlanna scríbhneoireachta i gcuid de na leabharlanna i gContae an Chláir agus chuir sé iontas orm cé chomh deas agus nua-aimseartha is a bhí na leabharlanna sin. Tá ríomhairí iontu gur féidir a úsáid saor in aisce, suíocháin chompor-dacha, agus neart leabhar le léamh agus le tabhairt abhaile más mian leat.

Rómhinic, ní smaoiníonn daoine ar dhul chuig na leabharlanna seo agus sílim féin gur cheart go mbeadh níos mó béime á cur orthu. Tá airgead gann go leor na laethanta seo agus nach iontach an rud é a bheith in ann leabhair a léamh saor in aisce agus gan a bheith buartha faoin gcostas?

Ní hamháin sin, ach anois agus Waterstones imithe ó Bhaile Átha Cliath, agus go leor siopaí leabhar eile dúnta le cúpla bliain anuas, tá sé deacair go leor teacht ar shiopa inar féidir breathnú tríd na leabhair ar do chom-pord, i do chuid ama féin, agus chomh maith leis sin, go minic ní bhíonn an rogha leabhar ró-leathan ar chor ar bith. Chuir an leabharlann i Norwich i gcuimhne dom cé chomh luachmhar is atá leabharlanna maithe, agus chuir sé iontas an domhain orm nuair a chonaic mé an réimse ollmhór leabhar agus fiseán a bhí ar na seilfeanna ann.

Ó tháinig mé go Norwich i mí Mheán Fómhair, táim tar éis freastal ar chain-teanna le scríbhneoirí den scoth, a reáchtáladh sa University of East Anglia, áit a bhfuilim ag déanamh staidéir ar Mháistreacht sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach. Tháinig an scríbhneoir Meiriceánach T.C. Boyle ar cuairt chugainn agus d'éirigh liom labhairt leis i ndiaidh na hócáide.

Go deimhin, chaith an bheirt againn cúpla nóiméad ag caitheamh anuas ar Ryanair agus rialacha daingne s'acu.

Tháinig David Lodge, Michael Chabon, Edna O'Brien, Ian McEwan, Giles Foden, John Boyne agus go leor eile chun na hollscoile freisin agus ní minic a fhaighimid an seans éisteacht agus foghlaim ó scríbhneoirí aitheanta cosúil leis seo. Chaith John Boyne cúpla uair an chloig linn i mbeár na hollscoile, agus é ag caint linn faoin am a chaith sé féin mar mhac léinn iarchéime ar an gcúrsa céanna roimhe sin. Cuireann sé seo go léir i gcuimhne dúinn gur gnáthdhaoine iad na húdair cháiliúla seo - agus spreagann sé dúinn leanúint ar aghaidh lenár gcuid scríbhneoireachta féin.

Tá tithe foilsitheoireachta ar fud an domhain ag streachailt na laethanta seo mar gheall go bhfuil díolacháin chomh dona sin agus tá an-chuid fadhbanna acu agus iad ag iarraidh leabhair a chur chun cinn agus a dhíol don phobal.

Tá go leor cainte ann le tamall faoi fhéinfhoilsitheoireacht agus in ionad a bheith ag cur a gcuid leabhar os comhair na ngnáthfhoilsitheoirí trai-



Norwich, Sasana : "Tá leabharlann álainn darb ainm an Millenium Library suite i gceartlár na cathrach, laistigh d'fhoirgneamh galánta, nó The Forum mar is fearr aithne air."

Deir daoine áirithe go bhfuil saol litríochta na Gaeilge i bponc ach má éisteann tú le daoine ó shaol litríochta an Bhéarla agus teangacha eile, cloisfidh tú daoine ag rá an rud ceanainn céanna

disiúnta, tá scríbhneoirí ag smaoinéamh ar bhealaí eile chun a gcuid leabhar a fhoilsiú, a dhíol agus margaíocht a dhéanamh ar a son. Tá ríomhleabhair ag éirí an-choitianta ar fad agus is dócha go rachaidh siad seo ó neart go neart sa todhchaí.

Do scríbhneoirí, seo bliain úr anois agus beidh neart deiseanna ann ó thaobh comórtas de, chomh maith le scéalta, dánta agus mar sin de a sheoladh chuig irisí liteartha agus, ar ndóigh, foilsitheoirí. Leis an mbliain úr tagann seansanna agus deiseanna nach raibh ann roimhe seo, agus tá súil agam go mbeidh bliain den scoth againn go léir, agus go léifidh muid neart leabhar a chuirfidh ag smaoinéamh muid agus a thabharfaidh ar thurais na samhlaíochta muid.

Deir daoine áirithe go bhfuil saol litríochta na Gaeilge i bponc ach má éisteann tú le daoine ó shaol litríochta an Bhéarla agus teangacha eile, cloisfidh tú daoine ag rá an rud ceanainn céanna.

B'fhéidir nach bhfuil muid i bponc ar chor ar bith ach go bhfuil muid go léir ró-thapa chun leabhair agus scríbhneoirí a cháineadh - in ionad sult a bhaint as na scéalta go léir a insíonn siad dúinn. Athbhliain faoi mhaise daoibh go léir!



SLÁINTE

Bliain úr, Tús úr

Labhair Méabh Ní Thuathaláin le hAinle Ó Cairealláin faoi shaol aclaí agus chúrsaí sláinte

Le linn na míosa amach romhainn, beidh Ainle Ó Cairealláin, bunaitheoir an chomhlachta ACLAÍ, ag cur lucht léitheoireachta Gaelscéal ar an eolas faoi na céimeanna praiticúla is féidir leo a thógáil chun saol sláintiúil agus aclaí a fhorbairt.

Is iomaí bac atá ar shaol sláintiúil agus aclaí agus bíonn deacrachtaí ag cuid mhaith daoine sláinte mhaith a chothú sa lá atá inniu ann, dar le hAinle. Measann sé gurb é easpa eolais an bac is mó atá i leith saol níos sláintiúla a fhorbairt.

“Nuair atá an t-eolas agat, tá sé rí-shimplí a bheith sláintiúil ach tá cuid mhór míthuiscintí timpeall bia. Tá daoine ag dul amú mar gheall ar nach bhfuil siad ar an eolas ceart. Is minic a cheapann daoine go bhfuil bia gasta níos saoire ná bia sláintiúil, ach ní hamhlaidh atá.

“Itheann daoine bia nach ndéanann maitheas dóibh agus seachnaíonn daoine bia sláintiúil ar nós geire. Ach tóg geir mar shampla, tá cinéalacha geire i mbia ar nós cnónna, abhacáid, ola olóige, agus cnónna cócó, atá lán le geir shláintiúil agus a thugann cosaint dúinn ó gach saghas galair agus tinnis,” a dúirt sé.

Lochtann sé Coca-Cola agus McDonalds, agus comhlachtaí móra ar a mhacasamhail a bhíonn ag brú drochbhia chun tosaigh.

“Tá drochbhia a bhfuil leibhéal ard síúcra ann ar fáil go coitianta; is fadhb í a bhaineann le cúrsaí margaíochta agus an domhain oirthir ach go háirithe,” ar seisean. Téann daoine ar strae mar gheall ar na hearraí agus tairiscintí eagsúla atá ar an mhar-gadh a gheallann sláinte, cailleadh meáchain, agus dul chun cinn nach bhfuil aon mhaitheas leo, dar leis.

“Tá muidne anseo le hinsint do dhaoine nach gá íoc go trom le bheith sláintiúil, agus ní gá go mbeadh aon chostas breise leis ar chor ar bith,” a dúirt sé.

Creideann Ainle go dtéann athruithe beaga maidir le nósanna beatha i bhfeidhm go mór ar shláinte an duine.

“Cuid mhaith den am ní ólann daoine go leor uisce, ní dhéanann siad go leor aclaíochta, seans nach bhfuil a fhios acu faoin bhia sláintiúil agus bíonn deacrachtaí acu dul i ngleic le strus, ach is

Comhairleoir Spóirt leis na Píarsaigh

Tá Ainle ag obair le ceithre bliana anuas mar thraenálaí agus comhairleoir spóirt le Cumann Iomána agus Peile na Píarsaigh i gCorcaigh. Tá sé i gceannas ar an aclann agus tá sé ina oifigeach cultúrtha ar an chumann chomh maith.

“Bím ag siúl thart ar an chumann le slat ag cinntiú go bhfuil achan duine ag labhairt i nGaeilge,” ar seisean le gáire.

“Tá an cumann tiomanta ar son na teanga, bíonn éileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge agus tá ceangail láidre ag an chumann leis na Gaelscoileanna áitiúla.

“Bím ag obair d’fhormhór le himreoirí óga, agus ag cuidiú leo siúd atá ag teacht ar ais ó réimse leathan gortaithe. Ach tagann réimse leathan daoine isteach chuig an aclann chugam agus bíonn riachtanais faoi léith ag achan duine acu. Tá mé ag obair le lúthchleasaithe ar mhaith leo a bheith níos láidre agus níos cumhachtaí, daoine atá ag teacht chucu féin tar éis ghortú spóirt nó obráide, fir agus mná atá ag iarraidh meáchan a chailleadh, agus iad siúd ar mhaith leo a bheith níos matánaí,” a dúirt sé.

“Faoi láthair tá mé ag obair le buaiteoir mharatón Chorcaí 2009, Michael Herlihy, agus tá mé ag cuidiú le fear 38 bliain d’aois ‘rehab’ a dhéanamh ar an corp tar éis



Ainle Ó Cairealláin, saineolaí spóirt de bhunadh Bhéal Feirste, atá ag obair mar thraenálaí spóirt le CLG Na Píarsaigh i gCorcaigh le ceithre bliana anuas.

stróc ollmhór a bheith aige a d’fhág é ar mhíchumas ó thaobh an tsiúil agus na gluaiseachta de, go háirithe ar an taobh dheas. Bíonn cásanna suimiúla i gcónaí agam, agus is iontach a bheith in ann cuidiú le daoine a gcuid spriocanna a bhaint amach,” arsa Ainle.

Thosaigh Ainle amach ag

déanamh staidéir ar an spórtolaíocht i Meánscoil Mhuire ar Bhóthar an Ghleanna i mBéal Feirste, áit a ndearna sé A-Léibhéal san ábhar. Chuaigh sé ar aghaidh ansin chun céim a bhaint amach sna hEolaíochtaí Spóirt agus Aclaíochta in Ollscoil Luimnigh i 2007 agus thug sé faoi mháistreacht

taighde san Ionad Bith-Mheicníochtaí in Ollscoil Luimnigh i 2010.

“Bhí mé ag obair san Ionad Náisiúnta Láidreacht agus Comhoiriúnú idir 2007 agus 2010 agus chaith mé bliain ag obair san Astráil le foireann peile gairmiúil, Adelaide Crows, áit a bhfuair mé taithí den scoth,” a dúirt sé.

féidir dea-nósanna a fhorbairt a thabharfadh caighdeán saoil i bhfad níos fearr,” a dúirt sé.

Sna seachtainí amach romhainn beidh eolas á chur i láthair ag Ainle a dhíríonn air:

- 10 mbealach le sláinte mhaith a chothú sa bhliain úr
- 10 mbealach le saol aclaí a bheith agat
- 10 mbealach le déileáil le pian droma
- 10 mbealach le strus a laghdú

www.aclai.ie

Níl a leithéid eile de shuíomh ann agus ACLAI.ie i nGaeilge nó i mBéarla in Éirinn agus tá éileamh mór air dá bharr sin, dar le hAinle. Chuir sé tús leis an suíomh dhá bhliain ó shin le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge, suíomh a chuireann eolas ar fáil maidir le haclaíocht agus cúrsaí sláinte go dátheangach.

“Bhunaigh mé ACLAI mar gur mhothaigh mé nach raibh go leor den cineál eolais ceart amuigh ansin do dhaoine a bhí ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh mar lúthchleasaithe, nó dóibh siúd a bhí

ag iarraidh nósanna beatha níos sláintiúla a bhaint amach,” a dúirt sé.

Is rud nadúrtha é go mbeadh an suíomh i nGaeilge mar gur tógadh le Gaeilge é agus tá sé féin paiseanta faoin teanga. “Ní raibh ceist ar bith riamh ach go mbeadh Gaeilge mar chuid lárnach den saol oibre agam, cibé rud a dhéanfainn. Tá sé mar sprioc agam anois go mbeidh an teanga á cur chun cinn i réimse an spóirt,” arsa Ainle.


“Ba mhaith liom go mbeidh ACLAI ar an fhoinse is fearr eolais ó thaobh na haclaíochta, spóirt agus sláinte de in Éirinn. Tá cur chuige ionraic agus neamhspléach mar

bhunús an chomhlachta mar aon leis an Ghaeilge a bheith mar ghnáth-theanga againn,” arsa seisean.

Cuirtear ailt in airde ar an suíomh go seachtainiúil faoi chúrsaí aclaíochta, bia agus sláinte. Is féidir leis an phobal dul i dteagmháil le hAinle tríd an suíomh agus comhairle nó eolas a lorg maidir le cúrsaí sláinte chomh maith.



Crosfhocal 02.01.2013



NODA

TRASNA

- 1 Cuid ghruaige (4)
- 4 ---- Gaskin, craoltóir tráth den saol le RTÉ (4)
- 6 Neach uilechumhachtach (3)
- 7 Cuir tríd an post (4)
- 8 Lorg, fiafraigh, cur ceist (4)
- 9 Gníomh a dhéanamh ar son duine eile (3)
- 10 Blás mí-thaitneamhach sa bhéal (6)
- 11 Gluais tríd an aer (6)
- 14 Buailtear sliotar leis seo i gcluiche na mban (5)
- 17 Stop a chur le rud éigin (4)
- 18 Dul in olcas, dul ó mhaith (5)
- 19 Mar, de bhrí (5)
- 21 Timpeall, um (4)
- 24 Cruinniú mór daoine le chéile, parlaimint ó thuaidh mar shampla (6)
- 25 Cin lae nó dialann ar líne (4)
- 26 Bog go tobann ó áit ard go háit íseal (3)
- 28 Argóint, teannas (6)
- 29 Seomra foghlama i scoil (6)

SÍOS

- 1 Grúpa ag suí le chéile oíche roimh tórramh (5)
- 2 Gléas ceoil le sreanga, saghas cláirseach (3)
- 3 Triall, scrúdú scoile (5)
- 4 31 Nollaig: oíche chinn ----- (6)
- 5 Drochbheasach, aineolach (4)
- 9 Gabh (i do lámh mar shampla) - nó cuid bhia (5)
- 12 An ball den leaba a luíonn tú air (5)
- 13 Taobh amuigh (8)
- 15 Na cinn uile (4)
- 16 Bó agus bó eile (2)
- 19 Tá siad ar bharr na farraige (6)
- 20 Sciathán leathair (6)
- 22 Aithnítear an duine leis seo: Seán, Máire mar shampla (4)
- 23 Deoch (4)
- 24 Vótáil ar son molta i Reifreann (2)
- 27 An Fhrainc, an Spáinn, Ceanada srl (3)

Crosfhocal

19.12.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Deirdre Ní Cheallacháin

Teachín A' Ghleanna,

Ros cré, Co. Thiobráid Árann.



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20
urraithe ag Cló Iar-Chonnacht
ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh
07.01.2013 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal,*
15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.



Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin



Bliain Nua Eile!



Ar dtús báire, a chairde, bliain nua mhaith dhaoibh uilig. Tá an bhliain 2013 linn! Nó, ar chóir dom 2013 a scríobh? Piseoga! Is breá leis na hÉireannaigh piseoga, ach nílím ag casaoid.

Den chuid is mó, baineann muid an-úsáid astu. Tír ar bith atá in ann crúsca folamh a dhíol le 'hAer úr na hÉireann' scríofa air, tá muid ag déanamh go maith, agus tá muid ag déanamh níos fearr nuair a chuireann tú san áireamh an méid turasóir a thugann abhaile fód móna leo mar go gceapann siad go bhfuil 'ádh' éigin ag baint leis.

An t-aon 'ádh' atá ag baint le fód móna, ná an teas a thagann uaidh! Agus ar ndóigh ní féidir labhairt faoi seo uilig gan trácht a dhéanamh ar na leipreacháin. Pota óir ag deireadh an Bhogha Ceatha. Nach as an bpota óir sin a thagann an t-airgead don

Chrannchur Náisiúnta gach seachtain! Cá mbeadh muid gan seanchaí maith?

Ach i mbliana an bhfuil muid á thógáil beagáinín rófhada? Ag cur '1' i ndiadh an '13' ar chlárú na gcarranna mar gheall ar go bhfuil mí-ádh ag baint leis an uimhir '13'? An bhfuil sé seo seafóideach? B'fhéidir nach bhfuil! Ní bhíonn uimhir '13' ar shuíochán ar bith ar aon eitleán ná ar fhormhór na mbusanna ar a mbíonn muid ag taisteal. Mar sin, cén fáth a mbeadh an 'drochuimhir' úd ar ár gcarranna?

Ansin tá 'Aoine an 13ú lá!' U Ó, agus deirim 'u ó' mar gheall ar go bhfuil péire acu amach romhainn i mbliana. Beidh ceann i Meán Fómhair agus beidh ceann eile i mí na Nollag.

Cuirfidh sin imní ar roinnt daoine! Buíochas le Dia nach bhfuil an tríú mí dhéag againn i mbliana mar sin chraic nach

mbeinn in ann aige!

I mbliana tá sé beartaithe agam breathnú ar phiseoga agus fiú dhul sa tóir orthu. Is maith liom na scéalta craiceáilte a bhaineann leo agus bhí am ann gur chreid mé féin iontu.

Is cuimhin liom siúl faoi dhréimire nuair a bhí mé níos óige agus bhí muid le dhul ar eitleán an lá dar gcionn. Chonaic mo chol ceathrair mé, chuir sí a dhá lámh timpeall orm agus dúirt sí 'Slán'.

Bhí sí siúrálte nach bhfeicfeadh sí go brách arís mé. Scanraigh sé sin mé! Bím beagáinín místuama in amanna agus aon rud a tharlaíonn dom is orm féin a bhíonn an locht go hiondúil.

Ach bheadh sé go deas leithscéal a bheith agam nuair a tharlaíonn na rudaí sin, seachas an milleán a chur orm féin. Seo linn 2013!

Faisnéis do Shaoránaigh



Féinfhostaíocht agus an Liúntas Cuardaitheora Poist

Ceist:

Táim féinfhostaithe agus nílím ach ag stróiceadh liom. Ba mhaith liom mo ghnólacht a choimeád ar bun ach is fíorbheag airgead a bhíonn fágtha agam faoi dheireadh na míosa. D'inis cara liom dom gur féidir liom iarratas a dhéanamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist agus gur féidir liom leanúint ag oibriú ag an ngnólacht. An fhíor sin?

Freagra:

Má tá tú féinfhostaithe, d'fhéadfá bheith i dteideal Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP) a fháil má tá d'ioncam ón ngnólacht faoi bhun leibhéil áirithe. Ní gá duit do ghnólacht a dhúnadh nó stopadh ag oibriú ar bhonn féinfhostaithe d'fhonn an Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar

Liúntas Cuardaitheora Poist ag d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh. Déanfar measúnú ar d'ioncam go léir, lena n-áirítear na tuillimh ó do ghnólacht, sa tástáil mhaoine le haghaidh an LCP. Ní mór go léireoidh an measúnú an t-ioncam a d'fhéadfá a fháil go réasúnta ó do ghnólacht sna 12 mhí amach romhat. Glacfar ioncam do na 12 mhí dheireanacha mar threoir ach beidh ceadú aon tosca ar a bhfuil tú feasach athraitheach. Ba cheart duit bheith ullamh chun na tosca seo a phlé nuair a dhéantar measúnú ort don LCP.

Déantar measúnú ar thuillimh amhail ollioncam ón ngnólacht, lúide costais obairbhainteacha le 12 mhí anuas. Níl aon liosta uileghabhálacha de chostais uile mar gheall go n-athraíonn costais de réir nádúr agus réim na féinfhostaíochta. Roinntear do thuillimh ionchasacha bhliantúla ó fhéinfhostaíocht faoi 52 chun

do mhaoine sheachtainiúil ó fhéinfhostaíocht a ríomh.

D'fhonn an leibhéal ioncaim ó do ghnólacht a chruthú, ní mór duit d'fháltais agus do thaifid íocaíochta nó do chuntais iniúchta a thabhairt don duine a dhéileálann le d'iarratas san oifig leasa shóisialaigh.

Má d'éiligh tú íocaíocht cuardaitheora poist ach murar íocadh i agus mura bhfuil aon ioncam eile agat, féadfaidh tú cáiliú don Liúntas Leasa Fhorlíontaigh fad atá tú ag feitheamh ar an íocaíocht. Ina theannta sin, d'fhéadfá bheith i dteideal sochair eile a fháil, ar nós cárta leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra Ghinearálta, agus seans d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Forlíonadh Cíos.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Faisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Rugbaí

“Ní domhan foirfe atá ann”

Cillian Ó Conchúir i gcomhrá le Joe Schmidt

D'ADMHAIGH Joe Schmidt tar éis do Laighin cailliúint i gcoinne Chúige Uladh i Ravenhill go raibh an fhoireann beagnach as am chun an séasúr a thiontú timpeall.

Seans go bhfuil sé róluath a rá go bhfuil siad tar éis cúrsaí a athrú tar éis bua amháin i gcoinne Chonnacht.

Tá Dún Éideann sa Pro12 ag teacht an tseachtain seo agus a fhios ag Schmidt go bhfuil gá dá fhoireann roinnt leanúnachais a fháil sula dtugann siad aghaidh ar dhá chluiche chinniúnacha i gCorn Heineken an dá sheachtain ina dhiaidh.

An fhadhb is mó a nocht sé ná go bhfuil Luke Fitzgerald, Rob Kearney, Brian O'Driscoll agus Eoin O'Malley ag teacht ar ais roimh thrí seachtaine cinniúnacha den séasúr.

"An fhadhb atá agam ná má thagann siad ar ais i gcoinne Dhún

"An fhadhb atá agam ná má thagann siad ar ais i gcoinne Dhún Éideann, níl mórán ama chun muid féin a nascadh ar ais le chéile nuair atá na cluichí móra i gcoinne Scarlets agus Exeter ag teacht sa chéad dá sheachtain eile," a dúirt Schmidt.

Éideann, níl mórán ama chun muid féin a nascadh ar ais le chéile nuair atá na cluichí móra i gcoinne Scarlets agus Exeter ag teacht sa chéad dá sheachtain eile," a dúirt Schmidt.

"Bheadh sé go deas sraith cluichí a fháil leis na imreoirí sin ag imirt agus i mbun dúshlán chun áit a ghnóthú. Ní domhan foirfe atá ann, áfach," a d'admhaigh Schmidt.

Sula dtugann foireann Schmidt aghaidh ar an dá sheachtain ba dheacra agus ba thábhachtaí ó thaobh Chorn Heineken de, tá Dún Éideann le teacht sa Pro12.

Tá Laighin sa séú háit faoi láthair sa Rabo Pro12, leis na pointí céanna is atá ag na hOspreys agus pointe chun deiridh ar Ghlaschú sa cheathrú háit.

"Leis na foirne eile ag barr an tábla ag buachan," a dúirt Joe Schmidt, "ar a laghad níor thiteamar siar.

Táimid fós díreach lasmuigh de na babhtáí cáilithe. Tugann sé sin le fios go bhfuil an-chuid oibre fós le déanamh, ach ar a laghad táimid gar go leor chun bheith i measc na foirne chun áit a fháil sna babhtáí leathcheannais."

Tugann Schmidt agus na Laighin aghaidh ar Dhún Éideann faoi




Joe Schmidt, príomh-chóitsealaí Laighean [PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

cheannasaíocht an Éireannaigh Michael Bradley, a thóg Dún Éideann chuig an mbabhta leathcheannais de Chorn Heineken. Tá fhios ag Schmidt go bhfuil dúshlán mór roimhe.

"Ó thaithí, tá fhios againn cé chomh deacair is a bheidh sé an bua a fháil ar Dún Éideann.

Tá roinnt dár n-imreoirí tar éis imirt faoi stiúir Mhichael (Bradley); le Connachta, leis na Wolfhounds, agus ar fhoireann shinsearach na hÉireann nuair a thóg sé ceannasaíocht shealbhach orthu cúpla bliain ó shin - agus tá ardmholadh á fháil aige uathu.

"Tá sé deacair d'aird a dhíriú toisc go bhfuil Eanáir mar mhí ollmhór dúinne sa séasúr sa dá chomórtas. Ach tá muid dírithe ar Dún Éideann agus Deireadh Seachtaine crua eile."



Ian Madigan, Laighin [PIC: MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Ar an gclai



Le John Allen

Ar ais ar an bpáirc linn!

Tá Lá Cinn Bhliana thart agus buíochas le Dia go bhfuil bliain spóirt CLG ag tosú arís sar i bhfad. Ní fada anois go mbeidh na comórtais peile agus iomána ag tosú sna cúigí, leithéidí Chorn Breannaigh, Chriostal Phort Láirge, FBD Chonnacht agus Chorn an Dochtúir Mhic Cionnaith i gCúige Uladh.

Ar ndóigh, beidh na comórtais tríú leibhéal faoi lánseol sar i bhfad freisin.

Mar sin tá na himreoirí go léir ag ullmhú do shéasúr gnóthach agus gan dabht iad go léir ag súil le rud éigin a bhuachan.

Tá cuid mhaith traenála agus cluichí cairdiúla ar siúl na hoícheanta agus na deirí seachtaine seo.

Ós rud é go bhfuil soilse ag cuid mhaith foirne anois, is féidir oibriú ar na scileanna ag gach seisiún traenála. Freisin is féidir cluichí a imirt san oíche.

Is mór an chabhair é sin do na hiománaithe go léir atá ag iarraidh faobhar a chur ar na scileanna go luath sa bhliain.

Is mór an buntáiste é nuair atá na himreoirí ábalta obair ar na scileanna gach uair a théann siad ag traenáil. Chomh maith le sin tá fal-laí iomána go forleathan timpeall na tíre anois.

Is féidir le aon imreoir dul chuig na fallaí seo aon uair is mian leis agus obair a dhéanamh ar na scileanna. Is fearr, ar ndóigh nuair a bhíonn beirt ann mar bíonn caighdeán níos fearr nuair a bhíonn coimhlint ann. Is mór an buntáiste d'fhoireann nuair is féidir leo an falla a úsáid gach seisiún traenála.

I mo thuairim, má choimeádtar an luas go tapa i gcoinne an fhalla tagann feabhas mór ar iomáint an imreora tapa go leor.

Ar ndóigh, beidh Luimneach ag imirt i roinn 1b na sraithe agus dúil thar a bheith láidir acu fáil amach as agus bheith ag imirt sa phríomhroinn don chéad séasúr eile.

Pé rud a tharlaíonn ar pháirc na himeartha le linn na gcluichí sraithe is dócha go bhfuil se beagnach cinnte go mbeidh leagan difriúil ar an tsraith do 2014.

Ach don séasúr seo arís beidh an aird go léir ar na cluichí sa phríomhroinn. Tá an Clár ar ais i measc na mboc mór agus an ceart sin tuille acu.

Bhuadar gach cluiche anuraidh cé go raibh píosaín den dea-ádh acu i gcoinne Luimnigh i gcraobhchluiche na roinne 1b.

Foghlaimoidh an fhoireann óg seo mórán agus cinnte beidh siad eagraithe agus ag imirt le mórán spioraid leis an mbainisteoir Mac



13 Nollaig 2012. D'fhógair CLG na sonraí maidir le cur i gcrích na rialacha úra a bhaineann le cosaint fiacla éiginnteachta ag gach leibhéal faoi aois

[PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Gearailt ag stiúradh rudaí ar an taobhlíne.

Maidir leis na foirne eile sa phríomhroinn beidh sé suimiúil féachaint conas a bheidh ag na Déise. Is cinnte go mbeidh siad faoi bhrú mar a bhíodar an t-am seo anuraidh. Ní dóigh go bhfuil mórán athraithe agus mura n-imríonn an laoch John Mullane beidh sé dian orthu fanacht leis na foirne eile sa roinn.

Thosaigh Corcaigh ar luas lasrach anuraidh leis an mbainistíocht nua. Bhí diantraenáil déanta acu ó Shamhain ar aghaidh ach cloisim nach bhfuil mórán déanta acu go dtí seo i mbliana agus feicimid conas mar a bheidh acu agus an chuid is mó de na seanleads imithe.

Beidh sé thar a bheith suimiúil freisin féachaint ar cad a dhéanann Jimmy Barry Murphy le captaen na foirne 2012, Dónal Óg Cusack.

Thosaigh Cusack amach ag

Thosaigh Corcaigh ar luas lasrach anuraidh leis an mbainistíocht nua. Bhí diantraenáil déanta acu ó Shamhain ar aghaidh ach cloisim nach bhfuil mórán déanta acu go dtí seo i mbliana agus feicimid conas mar a bheidh acu agus an chuid is mó de na seanleads imithe.

tosach na bliana anuraidh agus seilbh dhaingean aige ar gheansaí uimhir 1 (mar atá aige ó 1999), é mar chaptaen na foirne agus cur isteach aige ar theaicticí na foirne.

Ach chríochnaigh a bhliain go luath agus é gortaithe go dona i leathchraobh na sraithe, agus níos tábhachtaí ná sin chríochnaigh a ionadaí Anthony Nash suas mar chúl báire na bliana agus é ag fáil gradam Réalt Uile-Éireann.

An bhfuil rás Cusack rite? Tá cinneadh mór le déanamh ag Barry Murphy.

De na foirne eile fanann seaimpíní Cill Chainnigh mar rogha na n-údar agus beidh Tiobraid Árann níos fearr i mbliana faoi stiúir Éamonn Ó Sé.

Caithfidh go mbeidh an Ghailimh i lár an aonaigh freisin má chuireann siad leis na taispeántais iontacha a thugadar anuraidh.

Fair Play do Bhaile Átha Cliath

agus an mhargaíocht iontach atá á dhéanamh acu chun daoine a mhealladh isteach chuig na cluichí baile sraithe a bheidh acu i mbliana.

D'fhógair an Bord contae an feachtas seo le déanaí agus an teideal "Sraith Earraigh Bhaile Átha Cliath" mar ainm air arís agus é ar siúl anois don tríú bliain.

Mar aon leis an fhoireann peile baile beidh Cill Dara ag imirt dhá cluiche ann agus tá an t-ádh linn i Luimneach go mbeidh iománaithe an chontae ag rith amach ar an dromchla álainn i gcoinne fhoireann Anthony Daly ar an tráthnóna roimh Lá Fhéile Pádraig. Is iontach an deis é do na hógánaigh go léir ón fhoireann cois Sionainne nár imir ann cheana.

Tá súil agam go mbeidh siad ar ais ann roimh dheireadh na bliana.

Athbhliain faoi mhaise daoibh go léir.

Aiscean Peile CLG ag Tosú an Deireadh Seachtaine Seo

Gráinne McElwain

TOSÓIDH Sraith Peile Allianz ar an 2 Feabhra ach feicfear an chéad aiscean peile idirchontae na bliana seo nuair a chuirfear tús le comórtais Chorn Mhic Cionnaith in Ulaidh, Sraith FBD i gCúige Chonnacht, Corn Uí Bhroin i gCúige Laighean agus Corn Mhic Craith i gCúige Mumhan.

Roimh an Nollaig, tharraing Ollscoil na Banríona amach ó chomórtas Mhic Cionnaith mar nach raibh siad sásta go raibh mic léinn ainmnithe ar na foirne idirchontae ó Thír Eoghain, Fhear Manach agus Ard Mhacha.

Is ar chomórtas Mhic Shíoghair a bheidh Ollscoil na Banríona ag díriú a gcuid airde anois ach beidh Coláiste Naomh Muire agus Ollscoil Bhaile Shiurdáin ag fanacht ann.

I gCúige Laighean, feicfear ocht gcluiche i gComórtas Chorn Uí Bhroin leis an Longfort sa bhaile in aghaidh na Mí atá faoi stiúir bhainisteoir nua Mick O'Dowd agus caithfidh na Dubs taisteal go Ceatharlach don chéad uair i mbliana le Jim Gavin mar bhainisteoir orthu.

Tá ceithre chluiche le himirt Dé Domhnaigh le Muineachán sa bhaile in aghaidh Coláiste Naomh Mhuire agus seo an chéad uair ag bainisteoir nua Mhuineacháin Malachy O'Rourke i gceannas ach ní bheidh Paul Finlay ar fáil dó le linn an chomórtais mar go bhfuil sé ag tógáil briseadh.

Casfaidh an Cabhán agus an Dún le chéile agus tabharfaidh Ollscoil Bhaile Shiurdáin, a chaith trí lá sa Phortaingéil roimh an Nollaig ag ullmhú don chomórtas seo agus do Chorn Mhic Shíoghair, aghaidh ar Aontroim.

Seasann an cluiche idir Tír Eoghain agus Doire amach anseo. Seo an chéad uair ag Brian McIvor i



Eamonn Fitzmaurice, bainisteoir úr Chiarraí [PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

mbun chúrsaí agus é ag iarraidh misneach a spreagadh sa chontae tar éis bliain dhíomach anuraidh.

I gCúige Chonnacht beidh dhá chluiche ar siúl Dé Domhnaigh le hOllscoil na Gaillimhe agus Gaillimh ag casadh ar a chéile i Staid an Phiarsaigh ag a 2.00 agus beidh Sligeach agus IT Shligigh ag imirt i bPáirc Kent i Sligeach.

Níl sé cinnte fós an bhfeicimid Éamon O'Hara ar ais i ngeansaí Shligigh i mbliana ach ní bheidh Pádraig Joyce le foireann na Gaillimhe tar éis dó éirí as roimh an Nollaig.

I gCúige Laighean, feicfear ocht gcluiche i gComórtas Chorn Uí Bhroin leis an Longfort sa bhaile in aghaidh na Mí atá faoi stiúir bhainis-

teoir nua Mick O'Dowd agus caithfidh na Dubs taisteal go Ceatharlach don chéad uair i mbliana le Jim Gavin mar bhainisteoir orthu.

Thóg Chiarraí bliain amach anuraidh ó Chorn Mhic Craith mar dúradh nach raibh go leor imreoirí acu don chomórtas ach is dócha go mothaíonn bainisteoir nua an chontae Éamon Fitzmaurice go bhfuil gá

a bheith ann i mbliana agus iad ag imirt in aghaidh IT Thrá Lí Dé Sathairn.

Beidh an Clár agus IT Luimnigh chomh maith le Corcaigh agus IT Chorcaí ag casadh ar a chéile ar an Domhnach. Seans atá ann do na bainisteoirí uilig imreoirí nua a thriail agus don phobal CLG réiteach don bhliain nua peile.

Cadburys ag cuartú Iriseoir Óg CLG na Bliana

Gráinne McElwain

MÁS duine óg thú faoi 21 agus an-duíl agat i gCursaí CLG seans go mbeidh spéis agat sa chomórtas seo atá eagraithe ag *Cadburys Gaelic Writers' Association* in éineacht leis an CLG agus iad ag lorg Iriseoir CLG Óg na

bliana.

Cuirfear seic €500 i dtreo oideachas an bhuaiteora agus foilseofar saothar an iriseora óig ar shuíomh idirlín an CLG ar www.gaa.ie agus bronnfar an teideal Cadburys GWA Iriseoir Óg CLG na Bliana 2012 ar an té a roghnófar.

Is féidir leat píosa a scríobh trí

mheán na Gaeilge nó an Bhéarla agus a sheoladh ar aghaidh chuig youngreporter@gaa.ie nó is féidir alt a chur sa phost chuig: *Cadbury's GWA Young Reporter Competition*, Rannóg Cumarsáide CLG, Páirc an Chrócaigh, BÁC 3. Is é an Mháirt ag meán oíche ar an 15 Eanáir an spriocdháta.

Ní gá ach 700 focal a scríobh nó 2 nóiméad fistéipe nó mír fuaime a chur ar fáil le d'iontráil. Is féidir grianghrafanna a sheoladh ar aghaidh chomh maith.

Ní mór duit d'aois agus sonraí teangmhála chomh maith le d'iontráil a chur ar aghaidh le do chomhfhrea-

gras. De réir na dtreoracha tá na moltóirí ag cuartú píosaí samhlaíocha le dearcadh úr ar ár gcluichí Gaelacha chomh maith le fis, mothúcháin agus dath sna píosaí. Fógrófar an buaiteoir i mí Feabhra agus tá an t-eolas uilig le feiceáil ar shuíomh idirlín an CLG ar www.gaa.ie

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelisceal.ie

Gaelisceal
● 02.01.2013

Cad atá i ndán dúinn i 2013?



Gráinne McElwain


Tá bliain eile spóirt caite ar leataobh againn agus nach iontach an bhliain a bhí ann idir Katie Taylor ag buachan bonn óir ag na cluichí Oilimpeacha, Jason Smyth ag buachan bonn óir faoi dhó sna rásaí 100 agus 200m ag na Cluichí Parailimpeacha, Cúige Laighean ag baint Chorn Heineken arís, Cill Chainnigh agus Dún na nGall mar sheaimpíní iomána agus peile na hÉireann agus Rory McIlroy ag dul ó neart go neart agus é mar uimhir a haon ar domhan agus an bua drámatúil ag foireann na hEorpa i gCorn Ryder.

Fionnuala Britton agus foireann na hÉireann i gcomórtas Trastíre na hEorpa. Leanann an liosta ar aghaidh ach ag féachaint chun cinn mar sin i mbliana, cad iad na mórcheisteanna ar fiú iad a phlé?

Bhí go leor cainte faoi Euro 2012 agus foireann sacar na hÉireann tar éis cáiliú do chomórtas mór le rá den chéad uair le deich mbliana. Níor éirigh linn cluiche a bhuachan in aghaidh na Cróite (1-3), in aghaidh na Spáinne (0-4), agus in aghaidh na hIodála (0-2). Ní raibh comórtas rómhaith againn mar sin agus bhí na sceana amuigh do bhainisteoir na foirne Giovanni Trapattoni mar gheall air.

Ach samhlaigh gur imir an Iodáil agus an Spáinn in aghaidh a chéile sa Chluiche Ceannais agus bhuaigh an Spáinn 4-0. Seo bliain fhiorthábhachtach d'fhoireann na hÉireann agus muid ag iarraidh cáiliú do Comórtas Sacar an Domhain i Rio de Janeiro i 2014. Ag tosú i mí an Mhárta beidh muid ag imirt in aghaidh na Sualainne as baile agus ina dhiadhsin, beidh cluichí againn sa bhaile agus as baile in aghaidh na hOstaire, Oileáin Fharó, na Gearmáine agus na Casacstáine. Faoi láthair tá muid pointe taobh thiar den tSualainn sa tríú háit i ngrúpa C agus beidh le feiceáil an féidir linn cáiliú don Bhrasaíl i 2014.

D'éirigh le Dún na nGall Craobh Peile na hÉireann a bhuachan don chéad uair le fiche bliain agus thóg Jim McGuinness foireann lagmhisniúil nach raibh ag imirt go maith go Páirc an Chrócaigh. Cinnte beidh sé suimiúil a fheiceáil cén dóigh ar féidir leo láimhseáil le brat rogha na n-údár i ngach cluiche anois agus cén tion-



Captaen Dhún na nGall, Michael Murphy, ag tógáil Chorn Mhic Guidhir

[PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

char a bheas ag post McGuinness ag na Ceiltigh Ghlaschú ar ullmhúcháin Dhún na nGall i mbliana. Is in aghaidh Chill Dara a bheas siad ag cur tús le Sraith Allianz ar an 2ú Feabhra i bPáirc an Chrócaigh agus smaoinigh gur luaigh McGuinness go raibh Dún na nGall ag feidhmiú ag 60-65% anuraidh. Is in aghaidh Thír Eoghain a bheas siad ag imirt i gCraobh Uladh i mbliana agus bí cinnte go mbeidh an-choimhlint anseo againn. Gan dabht is iad Dún na nGall an fhoireann le bualadh ach mar atá feicthe againn cheana le Baile Átha Cliath agus Corcaigh, bíonn sé an-deaciár an t-ocras céanna a fheiceáil sa dara bliain. An mbeidh Dún na nGall difriúil i mbliana?

San iomáint, d'éirigh le Cill Chainnigh a naoú Craobh na hÉireann a bhuachan ó 2000 le Henry Shefflin an chéad duine ar éirigh leis naoi gcinn a ghnóthú. Ní bheidh Shefflin ag imirt sa tSraith i mbliana mar gheall ar rúitín briste a fuair sé ag imirt leis an chlub roimh an Nollaig. Dhá bhliain ó shin, níor ghlac sé páirt

sa tSraith mar gheall ar dhrochghortú glúine agus anuraidh bhí gortú gualainne ag cur as dó. An é seo an bhliain dheireanach don laoch seo i ngeansaí na gCat agus an mbainfidh sé a dheichiú bonn Uile-Éireann?

I bPeil na mBan, d'éirigh le mná Chorcaí seacht gCraobh na hÉireann a bhuachan ó 2005 agus beidh le feiceáil an mbeidh laochra ar nós Juliet Murphy, Elaine Harte, Angela Walsh sásta fanacht bliain eile?

Arís beidh siad ag tosú na bliana mar rogha na n-údár chun an tSraith agus an Chraobh a bhuachan. I gcamógaíocht, bhí bliain dhochreidte ag Doire ag buachan Chraobh Idirmheánach na hÉireann, d'éirigh le Loch Garman Craobh Shinsearach na hÉireann a bhuachan don trí huair as a chéile leis an Mhí ag crochadh grád na sóisear leo.

Maidir le Rugbaí, beidh tús na Sé Náisiún againn i mí Feabhra agus tar éis chluichí idirnáisiúnta an fhómhair, tá imreoirí nua faighte ag Declan Kidney agus é ag súil le comórtas níos fearr i mbliana. Beidh

Jason Smyth as Doire a bhuaigh bonn óir ag na Cluichí Parailimpeacha i Londain

[PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]



Henry Shefflin, Cill Chainnigh [PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

turas na Leon ag dul chun na hAs-tráile i mí an Mheithimh ach an é sin an uair dheireanach ag Brian O'Driscoll ag imirt?

Roimhe sin tá Corn Heineken ag dul ó neart go neart agus de réir dealraimh tá níos mó spéise ag daoine sa chomórtas seo ná na Sé Náisiún. Ach níl na clubanna i Sasana agus sa Fhrainc ró-shásta leis an fhormáid mar atá sé faoi láthair agus beidh an struchtúr ag athrú. Tá cluichí crua agus fíorthábhachtacha ag na Cúigí ar fad ag tosú ar an 11ú Eanáir agus faoi láthair tá an seans is fearr ag Cúige Uladh cáiliú.

Ní féidir linn níos mó a chur leis an mhéid atá ráite faoi Katie Taylor go dtí seo. Bean a bhfuil go leor déanta aici dá spórt agus tá tionchar aige sin ar an spéis atá tar éis borradh i measc na gcáilíní óga ar fud na tíre. Ar an 24 Feabhra, beidh Katie ar ais ag troid, an chéad uair di ó bhuaigh sí bonn óir i Londain anuraidh. Faoi láthair, níl Sofya Ochigava nó Natasha Jonas sásta dul isteach san fháinne dornálaíochta léi ar an dáta sin go

háirithe le comórtas na hEorpa ag teacht suas níos moille sa bhliain. Beidh Katie mar rogha na n-údár lena séú comórtas na hEorpa as a chéile a bhuachan.

Caithfidh go bhfuil Rory McIlroy thar a bheith sásta leis an bhliain a bhí aige. Bhuaigh sé an USPGA, Corn Ryder agus é mar uimhir a haon ar liosta fiúntais an domhain. Ina theannta sin, shaothraigh sé \$14 milliún agus de réir na dtuairiscí, tá conradh \$200 milliún sínithe aige le Nike ach tá cás cúirte ag dul ar aghaidh faoi seo ó iar-urraitheoirí s'aige Oakley nach bhfuil sásta leis an dóigh ar tharla an conradh nua seo.

Beidh Comórtas Oscailte Gailf na hÉireann ar siúl i mí an Mheithimh ag Teach Carton agus tá Rory McIlroy tar éis a rá nach bhfuil sé ag iarraidh an €2 milliún táille a bhí le dhul chuige. Sin spreagadh mór don chomórtas agus rud iontach deas déanta ag Rory.

Bliain mhór spóirt eile ag teacht suas mar sin ach mar is gnách, beidh neart castaí ann.